


**IPA**

AN FORAS RIARACHÁIN  
INSTITUTE OF PUBLIC  
ADMINISTRATION



# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL 2015

**UACHTARÁN**

Geraldine Tallon, Uas.,  
Iar-Ardrúnaí  
An Roinn Comhshaoil,  
Pobail agus Rialtais Áitiúil

**LEAS-UACHTARÁIN**

Eddie Breen  
Donal Connell  
Martin Fraser

Dermot McCarthy  
Tony O'Brien  
Robert Watt

**BAILL AN BHOIRD**

Niamh O'Donoghue (Cathaoirl.)  
Brian Cawley (Ard-Stiúrthóir;  
scortha Meán Fómhair 2015)  
Marian O'Sullivan (Ard-Stiúrthóir;  
ceaptha Deireadh Fómhair 2015)  
Elizabeth Adams  
Mark Callanan  
Raymond Dolan  
David Feeney

Owen Keegan  
Connie Kelleher  
Paul Lemass  
Martin O'Halloran  
Siobhan O'Halloran  
Caroline O'Regan  
Colin Scott  
Julie Sinnamon

**FO-CHOISTÍ AN BHOIRD****AN CHOISTE  
AIRGEADAIS AGUS  
STRAITÉISE**

Niamh O'Donoghue (Cathaoirl.)  
Mark Callanan  
Brian Cawley (Scortha Meán Fómhair 2015)  
David Feeney  
Owen Keegan

Paul Lemass  
Marian O'Sullivan (Ceaptha Deireadh  
Fómhair 2015)  
Julie Sinnamon

**AN COISTE  
RIARACHÁIN**

Niamh O'Donoghue (Cathaoirl.)  
Elizabeth Adams  
David Feeney

Martin O'Halloran  
Caroline O'Regan

**AN COISTE  
INIÚCHÓIREACHTA**

Raymond Dolan (Cathaoirl.)  
Connie Kelleher  
Siobhan O'Halloran

Caroline O'Regan  
Colin Scott

**COISTÍ AN FHORAIS****AN COISTE  
OIDEACHAIS**

Frank Murray (Cathaoirl.)  
Brian Cawley (Scortha Meán Fómhair 2015)  
Dermot Clynes  
Tony Donohoe  
Kevin Foley (Ceaptha 2015)  
John Harper (Scortha 2015)  
Aidan Horan  
Ian McKenna  
Michael Mulreany

Sean Murphy  
Seamus Neely  
Jack Nolan  
Marian O'Sullivan (Ceaptha Deireadh  
Fómhair 2015)  
Moling Ryan  
John Twomey  
Noel Waters

**AN COISTE  
FOILSITHEOIREACHTA  
LEABHAR**

Maurice Manning (Cathaoirl.)  
Richard Boyle  
John Curry  
Dónal de Buitléir

Tom Fennell  
Paul Haran  
Blathna Ruane

# AN FORAS RIARACHÁIN

57 - 61 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4

Teil. + 353 1 240 3600

Facs + 353 1 668 9135

[information@ipa.ie](mailto:information@ipa.ie)

[www.ipa.ie](http://www.ipa.ie)

# CLÁR AN ÁBHAIR

RÉAMHRÁ	05
TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA	07
OIDEACHAS	10
TAIGHDE	13
OILIÚINT & FORBAIRT	16
SEIRBHÍSI IDIRNÁISIÚNTA	19
SEIRBHÍSI LEABHARLAINNE & FAISNÉISE	21
FOILSITHEOIREACHT	23
DÁMHACHTAINÍ & BUAITEOIRÍ DUAISEANNA	26
FOR-ROCHTAIN	30
RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHOAIS	32
FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS	36
RÁITEAS AIRGEADAIS	39
BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHOAIS	63



# RÉAMHRÁ

# RÉAMHRÁ

I mí na Samhna 2015 foilsíodh *Caighdeán Rialachais Chorparáidigh don Státseirbhís*. Ba é seo an chéad am gur comhaontaíodh a leithé id mar chaighdeán iomlán agus gur cuireadh cuireadh amach é. Tá dea-rialachas ina chuid lárnach d'oibriú éifeachtach na ranna rialtais. Is leis a chinntítear go bhfuil creatlach struchtúr, beartas agus próiseas ar bun chun seachadadh de réir oibleagáidí reachtúla agus oibleagáidí beartais na ranna. Tá sármhaitheas a bhaint amach i rialachas ar cheann de na gealltanais faoi *Phlean Athnuachana na Státseirbhíse*. Ní mór do chomhlachtaí poiblí agus do mhórán eagraíochtaí eile a bhfuil tacaíocht phoiblí á fáil acu a chinntiú go bhfuil ardchaighdeán rialachais chorparáidigh acu agus go bhfuil siad ag déanamh de réir cóid rialachais sainithe.

---

Ceiliúrfaidh an Foras  
60 bliain ar an  
bhfód in 2017.

---

I gcaitheamh na bliana chuir Fóram Rialachais an Fhorais Riaracháin a bunaíodh sa bhliain 2007, líonra nach beag de shaineolaithe rialachais ar fáil dá chuid ball. Lena chois sin bhí sé mar óstach do roinnt imeachtaí agus chuir comhairle ar fáil ar shaincheisteanna rialachais ó radharc an leasa poiblí. In 2015 chuir an Fóram peirspeictíocht rialachais i bhfeidhm ar réimse leathan saincheisteanna lena n-áirítear bainistíocht agus meáin shóisialta, rialachas rialaithe agus na scileanna agus taithí a bhfuiltear ag súil leo i mbaill an bhoird. Bhí cainteoirí ag a bhfuil ardleibhéal taithí praiticiúla agus freagrachtaí sna réimsí a ndearnadh plé orthu.

Tugann tuairisc an Fhorais *Public Sector Trends 2015 (Treochtaí na hEarnála Poiblí)* a iniúchann treochtaí i bhforbairt na hearnála poiblí agus arb í an séú ceann i sraith bhliantúil í, tugann sí fianaise a imreoidh tionchar ar phlé ar chruth agus méid na hearnála poiblí amach anseo agus ar an ról a bheidh aici i sochaí na hÉireann. Is léir ón tuairisc go raibh dúshlán mhóra roimh sheachadadh státseirbhíse le blianta beaga anuas mar thoradh ar acmhainní srianta agus fachtóirí déimeagrafacha lena n-áirítear daonra atá ag fás agus ardú ar líon na ndaoine faoi bhun cúig bliana déag d'aois agus os cionn cúig bliana is seasca, agus gur éirigh go breá léi ar an iomlán. Agus é ag tabhairt faoi thaighde i gcónaí tá an Foras Riaracháin ag coinneáil súile ar athchóiriú na hearnála poiblí agus an éifeacht atá aige. Cuireann an Foras féin go mór le próiseas an athraithe agus an athchóirithe san earnáil phoiblí trína chuid seirbhísí oiliúna, oideachais agus comhairleoireachta.

Bunaíodh an Foras i dTeach Newman, Faiche Stiabhna, ar an 6 Samhain 1957. Agus é ar an bhfód, bhí liosta fada cuspóirí ag an bhForas ach sa saol praiticiúil laghdaíodh go trí cinn iad:

- i. staidéar an riaracháin phoiblí a chur chun cinn agus a chaighdeán a fheabhsú;
- ii. mothú na gairme a fhorbairt i státseirbhísigh;
- iii. comhthuisicint idir an bpobal agus státseirbhísigh a chothú.

Tá na cuspóirí seo a saothrú go dícheallach ag an bhForas a cheiliúrfadh seasca bliain ar an bhfód in 2017. Ag an am céanna tá sé á chur féin in oiriúint d'éilimh an domhain seo a bhíonn ag sior-athrú. Tá acmhainn ar leith ag an bhForas chun saincheisteanna na linne seo a thuisicint agus chun dul i gcomhpháirtíocht le heagraíochtaí státseirbhíse agus iad ag iarraidh aghaidh a thabhairt ar dhúshlán nua agus ar dhúshlán difriúla. Tá léargas á thabhairt ag eispéireas an Fhorais ar eispéireas na státseirbhíse i gcoitinne le blianta beaga anuas. Tréimhse ina ndearnadh comhdhlúthú airgeadúil agus gearrtha siar mar aon le hathrú eagraíochtúil nár bheag. Ag an am céanna ba thréimhse na hathnuachana é. Tá aitheantas mór tuillte ag an bhForas agus a chuid foirne gur cuireadh seirbhísí agus clár nua chun cinn le linn d'athruithe suntasacha a bheith á gcur i bhfeidhm ar an taobh istigh, d'fhonn tacú le cliant tráth an athraithe agus an dúshlán ina saol úd. Lena chois sin bhí cliant an Fhorais thar a bheith tacúil dó thar an tréimhse, rud atá tugtha faoi deara agam i mbreithniúcháin an Bhoird ar ionadaí é féin ar chodanna éagsúla na seirbhíse poiblí.

Tá an Foras Riaracháin tagtha chun cinn mar eagraíocht láidir ag a bhfuil soiléire athnuaithe faoina misean agus faoina ról, agus le naisc láidre leis an státseirbhís agus an saol acadúil. Tá dea-aitheantas uirthi go hidirnáisiúnta agus tá sé in áit mhaith chun tairbhe a bhaint as deiseanna nua atá amach roimhe. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh leis an Iar-Ard-Stiúrthóir, an Dr. Brian Cawley a chuaigh ar scor i mí Mheán Fómhair 2015, as an obair iontach a rinne sé don bhForas le seacht mbliana anuas, tréimhse a raibh dúshlán airgeadais fíordheacair agus athrú mór eagraíochtúil le sárú. Chomh maith leis sin fáiltím roimh an Dr. Marian O'Sullivan a ghlac an post mar Ard-Stiúrthóir i mí Dheireadh Fómhair seo caite. Is ionann an Foras Riaracháin agus acmhainn iontach a leanfaidh ar aghaidh ag tabhairt seirbhíse don tseirbhís phoiblí go ceann i bhfad. Táim ag tnúth le bheith ag obair le foireann agus Bord an Fhorais ar fhorbairt plean straitéisigh nua an Fhorais a sheolfaidh in 2016.



*Niamh O'Donoghue*

**Niamh O'Donoghue**  
Cathaoirleach



---

# TUARASCÁIL AN ARD- STIÚRTHÓRA

---

# TUARASCÁIL AN ARD-STIÚRTHÓRA

Ar an 1 Deireadh Fómhair 2015 chuaigh mé i mbun post Ard-Stiúrthóir an Fhorais Riaracháin. Is ábhar mór bróid dom obair an Fhorais agus a fhoirme agus táim bródúil as na nithe atá bainte amach ag an bhForas lena chuid oibre i gcomhar le seirbhísigh phoiblí agus státseirbhísigh agus as an tacaíocht a thug sé d'athchóiriú na hearnála poiblí. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh le mo réamhtheachtaí, an Dr Brian Cawley a chuaigh ar scor i mí Mheán Fómhair, as an mórobair a rinne sé don bhForas le seacht mbliain anuas.

Tá géarchéim ina chaighdeán nua na laethanta seo – leimid gach lá faoi athrú aeráide, an ghéarchéim airgeadais, géarchéim an euró, géarchéim an fhiachais, ISIS, an tSiria, teifigh, bagairtí cibir. D'fhéadfaí an cheist a chur cad é an chéad rud eile? Saol VUCA atá againn faoin am seo – domhan luaineachta (ráta athraithe suntasach), éiginnteacht (míshoiléir faoin aimsir seo), coimpléascacht (príomhfhachtóirí iolracha cinnteoireachta) agus débhríocht (easpa soiléire faoi bhri na dteagmhais). Tá athrú ón mbonn aníos tagtha ar an tslí ina mairimid, ina ndéanaimid cumarsáid, oibrímid agus ina mbimid ag comhoibriú ó tháinig an t-idirlíon orainn. Nascann daoine san iliomad líonraí éagsúla. Is cuma cé chomh mór agus atá eagraíocht; tá luas is cruthaitheacht tábhachtach. Daoine, próisis agus caidrimh a chruthaíonn cáilíocht. Is é aistriú mór na linne seo ná an t-athrú ó institiúidí éifeachtachta inscálaithe go institiúidí atá beartaithe i gcomhair foghlama inscálaithe. Mar sin cuirim an cheist, cé a chuirfidh an bunathrú seo ar aghaidh? Cé hiad gníomhairí an athraithe? An iad ceannairí na n-institiúidí ón mbarr síos nó an iad na daoine aonair ar an mbonn nó daoine eile atá lasmuigh dár n-eagraíochtaí a chuirfidh chun cinn é? Creidim go bhfuil freagracht chomhchoiteann orainn go léir athrú a chur ar aghaidh agus a chur i ngníomh. Ní mór do cheannairí dul i dtaithe ar marachtaint agus a bheith ar a gcompond i modh beta buan.



Sa phictiúr ag seoladh agus ceiliúradh an caogú eagrán den Administration Yearbook & Diary, atá faoin bhranda nua anois - Ireland - A Directory, a bhí Jim O'Donnell, bunaitheoir an Yearbook, agus aoi onórach, Tánaiste Joan Burton, TD.

Sa bhliain 2011 d'fhoilsiomar straitéis chorpóraideach don tréimhse 2011-2015 dar teideal *Professional Development and Public Service Renewal*. Chuir an straitéis an Foras faoi cheangal é féin a shocrú mar an príomhghníomhaireacht um fhorbairt ghairmiúil don tseirbhís phoiblí. D'aithin an straitéis a thábhachtach agus atá foghlaim fadsaoil agus gur sainchomhartha institiúide ar nós an Fhorais é a bheith ag déileáil go leanúnach agus go praiticiúil le córas an riaracháin phoiblí. Bliain thábhachtach eile ab ea 2015 i gcur i ngníomh na straitéise sin. I dtreo deireadh na bliana chuir an Foras tús le próiseas chun plean straitéiseach nua a fhorbairt a sheolfar in 2016.

Reáchtáladh an searmanas bronnta i gcomhair clár a chreidiúnaíonn COBhÁC ar an 11 Nollaig, tráth a fuair 641 chéimí a gcuid céimeanna. Bhí breis is dáichead mac léinn ó choláistí sna S.A. rannpháirteach i gcláir intéirneachta pairliminte, d'fhreastail cúgear



mac léinn is fiche ó na Séisíil ar chlár MA i gCeannaireacht agus Straitéis agus rinne breis is seasca mac léinn ó Ollscoil Nanchang staidéar ar an gclár Dioplóma i Staidéar Gnó. Leanann an Foras air ag tairiscint clár suas go leibhéal dochtúra. Le linn an chúlú eacnamaíochta ar fad níor tháinig athrú ar líon na ndaoine a d'fhreastail ar chlár oideachais de chuid an Fhorais – agus tháinig fás beag ar an leibhéal iar-dhochtúireachta – treocht a lean ar aghaidh 2015.

Bhí an Foras ag obair i gcomhar le mórán ranna rialtais, údaráis áitiúla agus le hearnáil na ngníomhaireachtaí stáit chun clár sainoiriúnaithe a dhearad agus a sheachadadh. Orthu seo áirítear Forbairt Gráid d'Oifigeach Cléireachas, Oifigeach Feidhmiúcháin, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Príomhoifigeach Cúnta sa Státseirbhís; Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta; Bainistíocht Airgeadais; Bainistíocht Riosca; Dlí Riaracháin; agus Bainistíocht Acmhainní Daonna. Thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe reáchtáil an Foras Oiliúint ar Phleanáil Scoir do Státseirbhíshigh ag gach leibhéal. Thairg sé sé chinn de chlár idir Mí Eanáir agus Mí Mheithimh, rud a d'fhreastail ar 345 éigin rannpháirtí. Ghlac ceathrar bainisteoirí is tríocha ag a bhfuil idir rólanna riaracháin agus teicniúla ó fhiche údarás áitiúil éagsúla páirt sa chlár cheithre mhodúil ar Cheannaireacht in Rialtas Áitiúil. I gcomhar leis an nGníomhaireacht um Bhainistíocht Rialtais Áitiúil d'fhorbair an Foras clár fairsing ionduchtúcháin do 120 céimí a earcaíodh chuig údarás áitiúla le déanaí. Lean an Fóram Rialachais air ag teacht chun cinn agus ag méadú le linn 2015 mar fhreagra don iliomad saincheisteanna agus dúshláin rialachas nach mór do na baill aghaidh a chur orthu. Ar chlár na n-imeachtaí áiríodh an Chomhdháil bhliantúil ar Dea-rialachas a thug aghaidh ar an bpríomhábhar seo: *Promoting a Good Governance Culture* – Cultúr an Dea-rialachais a chur chun cinn.

Chriochnaigh ár nAonad Taighde roinnt tuairiscí taighde tábhachtacha i gcaitheamh na bliana a bhí mar bhonn eolais ag próiseas leanúnach an athchóirithe ar an earnáil poiblí i gcónaí. Áirítear orthu seo *Public Sector Trends 2015* – an t-athbhreithniú comparáideach idirnáisiúnta ar threochtaí maidir le méid, costas, cáilíocht agus leibhéal iontaoibhe san earnáil poiblí – agus tuairisc dar teideal *Organisational Culture and the Public Service*. Sa pháipéar deireanach seo leagtar amach an rud atá i gceist le 'cultúr eagraíochtúil'; an caidreamh idir cultúr eagraíochtúil agus feidhmíocht; ról na ceannaireachta éifeachtaí; agus faoi dheireadh thiar, conas mar a dhéantar an cultúr eagraíochtúil a mheas agus, más gá, a athrú.

Lena chois sin bhí an *Administration Yearbook & Diary*, caoga bliain ar an bhfód in 2015 agus thapaíomar an deis chun branda nua a bhaisteadh ar an *Yearbook: Ireland - A Directory*. Mar chomhartha an chothrom lae d'fhoilsíomar forlíonadh a chuir chun suntais roinnt príomh-gharspíocanna i mbeartas poiblí a mhúnlaigh sochái na hÉireann le caoga bliain anuas.

Bhíomar mar óstaigh do roinnt cuairteanna staidéir le linn na bliana. Go sonrach, bhí an Foras ina óstach do dhá thoscaireacht ón Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a bhí, gach toscaireacht di féin, ag féachaint ar an tslí ina n-éiríonn le hÉire leas a bhaint go héifeachtúil as a diaspóra trí chreatlach beartais thiomnaithe agus teagmháil eacnamaíoch, agus ar an chomhoibriú idir rialtas áitiúil agus eagraíochtaí pobal-bhunaithe i réimse na forbartha eacnamaíochta agus an athmhuintearais. Chriochnaigh baill foirme trí mhórthuairisc taighde ar athnuachan na státseirbhíse sa Chipir mar chuid den chlár athchóirithe AE-CAI.

Mar a cuireadh in iúl i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo bhí roinnt blianta fiordheacra ag an bhForas de dheasca cúlú na heacnamaíochta agus gearrtha siar ar chaitheamh san earnáil poiblí. Glacadh bearta ceartúcháin go luath, áfach, rud a chuaigh chun tairbhe don bhForas. Cuireadh feidhmíocht airgeadais mhaith i gcuntas uair eile in 2015 agus deimhníodh go bhfuil cás airgeadais iomlán an Fhorais tar éis cobhsú. Is maith is acmhainn don bhForas freastal ar riachtanais na seirbhíse poiblí agus iad ag athrú, faoin am seo.

Faoi dheireadh thiar, ba mhaith liom buiochas pearsanta a chur in iúl do Chathaoirleach Bhoird an Fhorais Riaracháin agus do bhaill an Bhoird agus don bhoireann ar fad as a ndílseacht agus a dtiomantas don bhForas Riaracháin.

Leimid gach lá faoi athrú aeráide, an ghéarchéim airgeadais, géarchéim an euró, géarchéim an fhiachais, ISIS, an tSiria, teifigh, bagairtí cibir. D'fhéadfaí an cheist a chur cad é an chéad rud eile?



*Dr. Marian O'Sullivan*

**An Dr Marian O'Sullivan**  
Ard-Stiúrthóir



# OIDEACHAS

# OIDEACHAS

Is é an Foras Riaracháin an príomh-shainsoláthraí oideachais don tseirbhís phoiblí in Éirinn. Tá tábhacht ar leith ag baint le seirbhísí oideachais an Fhoras Riaracháin in aimsir seo an athraithe agus na hathnuachana sa tseirbhís phoiblí, agus tá de chuspóir ag ár gcuid clár sainscileanna agus an saineolas a chur ar fáil, tuiscint ar bhonn fairsing ar bheartas poiblí, scileanna anailíse agus an deis dul ar aghaidh ó dhámhachtainí leibhéil 6 suas go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Tá ár gcuid clár deartha leis, chun seirbhís sholúbtha phearsantaithe a chur ar fáil d'fhonn éascaíocht a dhéanamh do mhic léinn atá ag obair go lánaimseartha agus chun tacú leo. Sa chomhthéacs seo tá tábhacht ar leith ag baint le soláthar tacaíochta ar líne do mhic léinn. Le linn an chúlú eacnamaíochta ar fad níor tháinig aon athrú ar líon na mac léinn a d'fhreastail ar chlár de chuid an Fhorais - go deimhin, bhí méadú ann ag an leibhéal iarchéime, agus lean an treocht seo ar aghaidh in 2015.

In 2015 lean an Foras air ag soláthar seirbhísí do mhic léinn idirnáisiúnta. Bhí breis is dáichead mac léinn ó choláistí sna S.A. rannpháirteach i gcláir intéirneachta pairliminte, d'fhreastail cúigear mac léinn is fiche ó na Séiséal ar chlár MA i gCeannaireacht agus Straitéis agus rinne breis is seasca mac léinn ó Ollscoil Nanchang staidéar ar an gclár Dioplóma i Staidéar Gnó. Le linn 2015 chríochnaigh baill den bhfoireann trí chinn de mhórtuairiscí taighde ar athnuachan na státseirbhíse sa Chipir mar chuid den chlár athchóirithe AE-CAI.

---

Bhí breis is 800 mac léinn cláraithe in ár gcláir chéime in 2015.

---



Sa phictiúr (c-d) ag searmanais bronnadh céimeanna de chuid an Fhorais in 2015 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath, bhí Michael Hayden, Bait. St. Gnó (Onór.) Bainistiú Córas Faisnéise; Alan Donohoe, Bait. St. Gnó (Onór.) Margaíocht; agus Brian McDonagh, Bait. St. Gnó (Onór.) Margaíocht.

## Cláir chreidiúnaithe de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann agus Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath

Idir 2001 agus 2011 bhí an Foras Riaracháin ina choláiste aitheanta de chuid Ollscoil Náisiúnta na hÉireann. Glacadh leis an bhForas Riaracháin mar choláiste aitheanta de chuid Coláiste Ollscoile Bhaile Átha Cliath in 2011. Gheobhaidh mic léinn a chláraigh i gcláir oideachais ó Mheán Fómhair 2011 cáilíochtaí a bheidh creidiúnaithe ag COBÁC. Bhí an searmanas bronnata maidir le cláir a bhí creidiúnaithe ag COBÁC ar siúl ar an 11 Nollaig 2015, tráth ar bronnadh céimeanna ar 641 céimí. Bronnadh teastais ó COBÁC ar 200 mac léinn de bhreis air sin.

Thar an bhliain acadúil 2014/2015 thairg an Foras sraith de chláir chéime agus iarchéime a chuimsigh gach leibhéal ó leibhéal 6 go leibhéal 10 ar Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí.

## Cláir Chéime

Tairgeadh na príomhchláir, is iad sin an BA (Onóracha) agus an Bait. St. Gnó (Onór.), i dtírí mhodh seachadta difriúla: léachtaí sa bhForas Riaracháin, léachtaí in ionaid réigiúnacha agus trí chianoideachas/foghlaim chumaisc. In 2014/2015 tairgeadh seacht gcinn de speisialachais ar an gclár Baitsiléir Ealaíon (Onór.) agus ceithre cinn ar chlár an Staidéir Ghnó (Onór.). Ina theannta sin thairg an Foras réimse leathan clár teastais agus dioplóma idir Dhli agus Staidéar Ríomhaireachta agus idir Bhainistíocht Rialtais Áitiúil agus Soláthar Poiblí. Clár bliana atá á thairiscint i gcomhar leis an bPríomh-Oifig Staidrimh is ea an Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais. Bhí breis is caoga mac léinn cláraithe in 2014/15 mar chuid den cheathrú ionghabháil sa chlár. Ar an iomlán, bhí beagáinín níos mó ná 800 mac léinn cláraithe inár gcuid cláir chéime in 2015.

## Cláir larchéime

Bliain choiteann is ea an chéad bhliain de chláir MA an Fhorais, agus bronnar Dioplóma larchéime i mBainistíocht Phoiblí ina taobh. Sa dara bliain, gabhann na mic léinn ar aghaidh chuig sainréimse agus tá rogha seacht gceann ar fáil dóibh. Ba é líon iomlán na mac léinn ar na cláir MA in 2015 ná tuairim is 185 mac léinn.

Clár dhá bhliana is ea an Mháistreacht Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Bheartais. Bronnar Dioplóma larchéime in Anailís Bheartais ag deireadh na chéad bhliana. Déanann na mic léinn staidéar ar réimse ábhar a bhaineann le beartas sa chéad bhliain agus bíonn siad ag obair ar a gcuid tráchtas feidhmeach sa dara bliain. In 2014/15 chláraigh aon mhac léinn déag sa chéad bhliain den chlár agus bhain seachtar mac léinn céim amach in 2015 ar dóibh bliain a dó a chríochnú.

Cuireadh tús leis an gClár Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht i mí Mheán Fómhair 2011. Clár páirtimseartha dhá bhliana is ea an MSc seo. Bhain an chéad dream céimithe a gcuid céimeanna amach i mí na Nollag 2013. Cláraíodh grúpa nua de sheachtó mac léinn in 2014/15.

Clár a leanann ar aghaidh ar feadh bliana amháin is ea an Teastas Gairmiúil i Rialachas. Cuireadh ar fáil ar dtús é in 2011. Bhí tríocha mac léinn cláraithe sa chlár in 2014/15.

Cuireadh tús leis an gclár Dochtúireachta i Rialachas in 2003, agus bronnadh céimeanna ar an chéad grúpa céimithe in 2006. Idir 2003 agus 2011 bhí an clár Dochtúireachta i Rialachas á thairiscint i gcomhar le hOllscoil na Banníona, Béal Feirste. In 2011 ghlac an Foras le socrú nua chun an clár a chur ar fáil i gcomhar le COBÁC. Bronnadh a chéim dhochtúireachtar ar chéad chéimí den chomhchlár dochtúireachta de chuid an Fhorais Riaracháin agus COBÁC in 2015. In 2014/15 bhí daichead mac léinn cláraithe sa chlár dochtúireachta.



Sa phictiúr (c-d) ag searmanas bronnadh na gcéimeanna de chuid an Fhorais i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Edel Hennessy, BA (Onór.), Bainistiú Acmhainní Daonna agus Anne Marie Callaghan, BA (Onór.) Dlí agus Riar Ceartais.



**An Dr Michael Mulreany**  
Ard-Stiúrthóir Cúnta



# TAIGHDE

# TAIGHDE

Tá foireann bheag, lánaimseartha, thiomanta ag an bhForas Riaracháin atá ag tabhairt faoi thaighde feidhmeach do ranna rialtais agus comhlachtaí eile de chuid na hearnála poiblí. Sa bhliain 2015 leanadh ar aghaidh le sraith taighde an Fhorais Riaracháin ar 'Staid na Seirbhíse Poiblí' agus ar an tsraith taighde faoi 'Rialtas Áitiúil. Leis an tionscnamh seo, leantar an t-athrú ó bhonn ar an tseirbhís phoiblí agus soláthraítear léargas atá bunaithe ar fhianaise ar athruithe ar an tseirbhís phoiblí, rud a chuireann ar chumas an Fhorais cion rithábhachtach a chur leis na meáin agus tabhairt faoi ghníomhaíochtaí eile. Tá sé seo ar aon dul leis na cuspóirí straitéiseacha a bhaineann le 'guth' an Fhorais a fhorbairt i dtaobh gnéithe lárnacha de chlár oibre an athraithe ó bhonn, seasamh an Fhorais a fhorbairt maidir le gnéithe lárnacha den athrú ó bhonn agus cur le clú an Fhorais mar fhoinsé saineolais ar athchóiriú na hearnála poiblí. Faoin tsraith seo foilsíodh dhá thuarascáil in 2015:

## Cultúr Eagraíochtúil agus an tSeirbhís Phoiblí

Is minic, le blianta beaga anuas, a cuireadh an milleán faoi theipeanna na seirbhíse poiblí in Éirinn ar an gcultúr eagraíochtúil. Sa pháipéar seo caitear solas ar an gcultúr eagraíochtúil. Go háirithe, leagtar amach sa pháipéar a bhfuil i gceist leis; an caidreamh idir cultúr eagraíochtúil agus feidhmíocht; ról na ceannaireachta éifeachtúla; agus faoi dheireadh, conas cultúr eagraíochtúil a mheas agus, más gá, a athrú. Sa tuairisc tugtar faoi deara gur gá roinnt céimeanna a ghlacadh chun cultúr atá ag teip a athrú. Áirítear orthu:

- Ceannairí a sainaitheint ar féidir leo an t-athrú cultúir inmhianta a chur i bhfriotal agus a chomhroinnt;
- Díriú isteach ar roinnt aistriú rithábhachtacha maidir le hiompar;
- Tábhacht siombal agus cur teachtaireachtaí a thuiscint;
- Ní hamháin rialacha agus cóid fhoirmiúla a athrú ach úsáid a bhaint as líonraí neamhfhoirmiúla agus as pobail chomhleasa;
- Athrú cultúrtha a thomhas agus súil a choinneáil air.

Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag [www.ipa.ie/pdf/Organisational\\_Culture.pdf](http://www.ipa.ie/pdf/Organisational_Culture.pdf)

## Treochtaí na hEarnála Poiblí 2015

Sa tuarascáil seo scrúdaítear na treochtaí i bhforbairt na hearnála poiblí agus is i seo an séú ceann sa tsraith bhliantúil í. Is é atá i gceist léi ná cabhrú chun bonn eolais a chur ar fáil don bplé faoi earnáil poiblí na hÉireann agus faoi riarachán poiblí, agus faoin bpáirt atá aici i sochaí na hÉireann. Trí úsáid a bhaint as sonraí a tiomsaíodh ó roinnt fóinsí éagsúla, cuirtear eolas i láthair ar mhéid agus costas na hearnála poiblí, cáilíocht an riaracháin poiblí, éifeachtacht agus feidhmíocht, agus ar leibhéil iontaoibhe agus muiníne ar shlí shimplí atá géar cruinn mar sin féin.

Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag [www.ipa.ie/pdf/PublicSectorTrends2015.pdf](http://www.ipa.ie/pdf/PublicSectorTrends2015.pdf)

Faoin tsraith taighde 'Rialtas Áitiúil' foilsíodh tuarascáil eile in 2015:



## Staidéar Cáis ar Chumasc Comhairle Chontae Thiobraid Árann

Ní ndearnadh dhá údarás áitiúil contae a chumasc riamh roimhe i stair na rialtas áitiúil in Éirinn. Sa staidéar seo déantar iniúchadh ar bhainistiú na heachtra seo. Sa tuarascáil aithnítear ceachtanna a foghlamaíodh ó chumas Thriobraid Árann d'eagraíochtaí eile na seirbhíse poiblí atá gafa, b'fhéidir, i gcomhoibriú méadaithe nó i gcumasc.

Is féidir an tuarascáil seo a íoslódáil ag [www.jp.a.ie/pdf/TIPPERARY\\_MERGER\\_REPORT.pdf](http://www.jp.a.ie/pdf/TIPPERARY_MERGER_REPORT.pdf)

### Ar na réimsí oibre eile a raibh an fhoireann taighde ag gabhail dóibh in 2015 áirítear:

- Obair thacaíochta d'fhoirme athbhreithnithe rialtais áitiúil a cuireadh ar bun chun socrúithe rialtais áitiúil a scrúdú i gCorcaigh agus i nGaillimh.
- Staidéar do Atlantic Philanthropies ar an ról atá acu i dtaobh tionchar a imirt ar bheartas an rialtais i ndáil le athchóiriú na hearnála poiblí.
- Teastas agus Diplóma i Staidéir Státseirbhíse agus Gníomhaireachtaí Stáit a sheachadadh.
- Eagarthóireacht iris an Fhorais *Administration*, a gcuirtear ceithre eagrán de amach in aghaidh na bliana. Tagann coiste comhairlithe eagarthóireachta ar a bhfuil lucht acadúil mór-le-rá ag a bhfuil cúlra bainistíochta poiblí agus polaitíochta, tagann sé le chéile uair sa bhliain. Thosaigh De Gruyter Open ar foilsitheoir acadúil é, ar an iris a óstáil ó earrach 2015. Tá rochtain shaor ar gach alt.
- Comhoibriú le hOifig Réigiún na hÉireann maidir le trí eagrán an *EU News Bulletin* a thairgeadh agus dhá eagrán den *Local Authority Times* a fhoilsiú mar chuid den tseirbhís eolais chuig údaráis áitiúla ar fud na bliana.
- Ag cur le clár Oideachais agus Oiliúna an Fhorais Riaracháin agus feidhmiú mar mhaoirseoirí tráchtas agus marcálaithe ar chlár iarchéime.
- Ag cur le Rannóg Foilsitheoireachta an Fhorais Riaracháin trí bheith bainteach le *Ireland - A Directory*, irisi agus leabhair a thairgeadh.
- Foilseacháin acadúla in irisi idirnáisiúnta agus cur le leabhair idirnáisiúnta faoi bhainistíocht poiblí.

---

Tá cumasc dhá údarás áitiúil contae i dThiobraid Árann gan réamhshampla i stair rialtais áitiúil na hÉireann.

---



**An Dr Richard Boyle**  
Ceann Taighde



---

# OILIÚINT & FORBAIRT

---



# OILIÚINT AGUS FORBAIRT

Cuireann an Foras réimse leathan idirghabhálacha saincheaptha foghlama agus forbartha, cúrsaí poiblí agus seirbhísí speisialtóra ar fáil don earnáil phoiblí i réimsí ceannaireachta agus bainistíochta, bainistíocht acmhainní daonna, rialachais, cuntasaíochta, bainistíocht airgeadais, iniúchóireachta agus teicneolaíochta faisnéise (TF), cláir chreidiúnaithe as a leanann ballraíocht fhoirmiúil le comhlachtaí gairmiúla san áireamh. Le linn 2015 d'oibrigh an Foras i gcomhar le mórán ranna rialtais, údarás áitiúil agus le hearnáil na ngníomhaireachtaí stáit chun cláir shaindheartha a sheachadadh lena n-áirítear Forbairt Gráid i gcomhair Oifigeach Cléireachais, Oifigeach Feidhmiúcháin, Ard-Oifigeach Feidhmiúcháin agus Príomh-Oifigigh Chúnta sa Státseirbhís; Forbairt Ceannaireachta agus Bainistíochta; Rialachas; Bainistiú Airgeadais; Bainistiú Riosca; Díl Riaracháin; agus Bainistiú Acmhainní Daonna. Thar ceann na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chuir an Foras Oiliúint i bPleanáil Scoir ar fáil do Státseirbhíoch ag gach leibhéal – réachtáladh sé chlár idir Mí Eanáir agus Mí Mheithimh a d'fhreastail ar 345 éigin rannpháirtí.

D'fhorbair an Foras clár mór ionduchtúcháin agus chuir tús leis, do 120 céimí a earcaíodh le déanaí isteach in údaráis áitiúla.

Agus é dírithe ar sheirbhíoch poiblí sinsearach agus ceaptha chun cumas ceannaireachta a fhorbairt, mheall an Clár Dúshlán Ceannaireachta foireann iomlán bainisteoirí sinsearach as gach earnáil den tseirbhís phoiblí, an rialtas lárnach agus áitiúil chomh maith le hearnálacha leathstáit san áireamh. Seachadair an clár seo i gcomhar le Cambridge Leadership Associates, Massachusetts, SAM, ina gcorpraítear foireann teagaisc shinsearach ón John F. Kennedy School of Government ag Ollscoil Harvard chomh maith le foireann teagaisc ó Scoil Ghnó Warwick sa R.A.. Tugtar deis do cheannairí sinsearach obair trí chur chuige ceannaireachta oiriúnaitheach i leith athraithe eagraíochtúil, dul chun cinn a dhéanamh maidir le dúshlán ceannaireachta agus saincheisteanna straitéiseacha reatha agus iad siúd a bheidh ag teacht, tuiscint a fhorbairt ar a gcuid cleachtas agus scileanna agus tabhairt go gníomhach faoi chóitseáil an duine aonair ina mbaintear úsáid as 360 ceann d'ionstraimí cumais ceannaireachtaí.

Bhí ceathrar bainisteoir is tríocha ag a bhfuil rólanna riaracháin agus teicniúla, as fiche cinn d'údaráis áitiúla éagsúla rannpháirteach sa Chlár ceithre mhodúil ar Cheannaireacht i Rialtas Áitiúil, arna sheachadadh i gcomhar le lucht acadúil sinsearach ó Scoil Ghnó Warwick agus cleachtóirí sinsearach sa chóras rialtais áitiúil. Tá an clár dírithe ar luach poiblí a sheachadadh trí cheannaireacht oiriúnaitheach i gceangal le cur chuige foghlama-gníomhartha i leith dúshlán ceannaireachta na rannpháirtithe. Tumtar na rannpháirtithe i ngníomhaíochtaí, stíleanna teagaisc agus cuir chuige éagsúla, tá mórán deiseanna foghlama idir píaraí acu agus tá teacht acu ar cheannairí sinsearach ó gach cearn den tseirbhís phoiblí chun radharc níos fairsinge a fháil agus chun na dúshlán atá rompu féin agus a gcuid cumas a thuiscint.

I gcomhpháirtíocht leis an nGníomhaireacht Bainistíochta Rialtais Áitiúil d'fhorbair an Foras clár mór ionduchtúcháin agus chuir tús leis, do 120 céimí a earcaíodh le déanaí isteach in údaráis áitiúla. Cuireadh tús leis an gclár i mí Bhealtaine. Leanfaidh sé ar aghaidh ar feadh tréimhse dhá bhliana agus áireoidh sé meantóireacht do chéimithe d'fhonn teastasú gairmiúil a dhaingniú le linn na dara bliana.

Lean an Fóram Rialachais air ag forbairt agus ag méadú in 2015 mar fhreagra don líon mór saincheisteanna agus dúshlán faoi rialachas a bhí roimh na baill. Dhéileáil féilire na n-imeachtaí le mórán saincheisteanna na linne seo i rialachas. Áiríodh ar na príomhthéamaí *The Changing Economic Environment and the Implications for the Governance of Organisations?* (An Timpeallacht Eacnamaíoch agus í ag athrú agus cad atá i gceist maidir le Rialachas Eagraíochtaí?); *Meeting the Governance Expectations of Funders – Key Governance Issues for Organisations in Receipt of Funds*; (Éilimh Rialachais na Maoinitheoirí a chomhlíonadh – Príomh-shaincheisteanna Rialachais d'Eagraíochtaí atá ag Fáil Maoinithe); *Board Reviews – Identifying Ways to Enhance Effectiveness*; (Athbhreithnithe Boird – Slite a aithint chun Éifeachtacht a chur chun cinn); *Finance for Board Members*; (Airgeadas do Bhaill Bhoird); *Communications and Reputation Management – Working Effectively with Social Media*; (Cumarsáid agus Bainistiú Clú; - Ag obair go héifeachtach leis na Meáin Shóisialta); *Strategy Development and Implementation in the Public Interest*; (Forbairt Straitéise agus í a chur i bhfeidhm ar mhaithe le Leas an Phobail); *Impact of Regulation on Good Governance*; (Tionchar Rialúcháin ar Dhea-rialachas); *Arrangements to Embedding Risk Management*; (Socruithe chun Bainistiú Riosca a leabú); agus *Audit Committee Roles and Responsibilities* (Coiste Iniúchóireachta – Róil agus Freagrachtaí).

Ar chlár na n-imeachtaí áiríodh an Chomhdháil bhliantúil ar Dhea-rialachas. Réachtáladh i seo i mí Mhárta agus thug sí faoin bpríomhthéama *Promoting a Good Governance Culture* (Cultúr Dhea-rialachais a chur chun cinn). Sa chéad sheisiún pléadh *Public Service Culture Aligned to a Fast Changing World* (Cultúr na Seirbhíse Poiblí arna chur in oiriúint do Shaol atá ag athrú go mear). Ba iad na daoine a chuir léi ná Brian Rowntree, CBE, Cathaoirleach ar Choimisiúnaithe Státseirbhíse Thuaisceart Éireann; Niamh Hardiman, Ollamh comhlach le hEolaíocht Pholaitiúil agus Beartas Poiblí, COBhÁC; agus Dan O'Brien, Príomh-Eacnamaí, Institiúid Gnóthaí Idirnáisiúnta agus Eorpacha. Ag an dara seisiún bhí plé painéil faoi *Serving the Public Interest*, (ag Fónamh don Leas Poiblí) a d'éascaigh Fran McNulty, RTÉ, agus ag a raibh mar pháinéalaithe Regina Doherty, TD, Pat Rabbitte, TD, agus Séan Fleming, TD.

Lena chois sin chabhraigh an fhoireann Rialachais le mórán eagraíochtaí chun athbhreithnithe neamhspleácha a dhéanamh ar chomhlíonadh oibleagáidí idir oibleagáidí dlí, rialúcháin, rialachais agus athbhreithnithe ar éifeachtacht boird, cur i ngníomh córas bainistiú riosca, meastóireacht boird agus coiste bhoird, measúnú cumais agus seirbhísí dá leithéid, chomh maith le comhairle ar shaincheisteanna éagsúla faoi rialachas earnála poiblí agus stáit. Bhí ár gcuid tairiscintí i réimse na TF ag teacht chun cinn le héileamh ar oiliúint don úsáideoir deiridh, meáin shóisialta agus slándáil TF. Lean an fhoireann uirthi ag tacú le rogha modúl ar chláir ríomhaire atá creidiúnaithe ag COBhÁC ina raibh na mic léinn ag freastal ar ranganna agus ag baint úsáide as áiseanna ríomhaireachta an Fhorais.



Sa phictiúr tá céimithe an Chláir Ceannaireacht i Rialtas Áitiúil de chuid an Fhorais Riaracháin 2015 i dteannta Stiúrthóir an Chláir, Teresa Casserly, An Fóras Riaracháin.

Lean an Foras air ag tairiscint clár i gcomhair ballraíochta foirmiúla de chomhlachtaí gairmiúla lena n-áirítear MII (Institiúid Eadránaithe na hÉireann) agus CIPD (Institiúid Chairte Pearsanra agus Forbartha) mar aon le clár iniúchóireachta chreidiúnaithe le CIPFA (Institiúid Chairte um Airgeadas agus Cuntasaíocht Phoiblí). Bhí ár gclár seanbhunaithe ar eadráin san áit oibre atá creidiúnaithe ag MII ag mealladh a lán rannpháirtithe i gcónaí. Cuireadh tús le séú babhta an Teastais Bunleibhéil de chuid CIPD in Acmhainní Daonna ag deireadh 2015 agus lean an Dioplóma Bunleibhéil CIPD air ag tairiscint cosáin leantaigh dóibh siúd a chríochnaíonn an clár teastais. Cuirtear an Dioplóma Bunleibhéil CIPD i bhFoghlaim agus Cleachtas Forbartha ar fáil sa tríú bliain ag deireadh 2015 mar chosán leantach dóibh siúd a chríochnóidh an clár Teastais bunleibhéil CIPD a thosaigh in 2014.

Sa tsraith seimineár Forbartha Gairmiúla Leantaí do chuntasóirí na hearnála poiblí agus do ghairmithe airgeadais a tairgeadh i gcomhar leis na comhlachtaí cuntasaíochta gairmiúla ACCA (Cumann na gCuntasóirí Deimhnithe Cairte), CIMA (Institiúid Chairte Cuntasóirí Bainistíochta) agus CIPFA tógadh i gcónaí ar rath na mblianta roimhe seo: in 2015 reáchtáladh dhá imeacht inár tugadh faoi na hábhair *Accounting and Financial Management – What the Future Holds* (Cuntasaíocht agus Bainistíocht Airgeadais – An rud atá i ndán dúinn) agus *Ethics, Culture and Governance* (Eitici, Cultúr agus Rialachas). Bhí na Seimineáir Iniúchóireachta Inmheánaí don Earnáil Phoiblí a reáchtáil an Foras Riaracháin agus Institiúid Chairte na nIniúchóirí Inmheánacha (Craobh na hÉireann) a cuireadh ar siúl i gcéadúair in 2013, ag mealladh líon mór mac léinn i gcónaí: bhí cúigear toscarra agus tríocha ag freastal ar an imeacht i Mí Bhealtaine.

Go hachomair, lean speisialtóirí an Fhorais orthu ag tacú le réimse leathan eagraíochtaí a raibh ag athrú mar chuid den bpróiseas athchóirithe, eagraíochtaí sa rialtas lárnach agus sa rialtas áitiúil agus san earnáil leath-stáit san áireamh. Tacaíodh trí hidirghabhálacha gearra foghlama agus trí hidirghabhálacha forbartha, comhairle, comhairleoireacht agus cóitseáil fheidhmeannach.



# SEIRBHÍSI IDIRNÁISIÚNTA

# SEIRBHÍSÍ IDIRNÁISIÚNTA

I gcaitheamh 2015 lean Aonad na Seirbhísí Idirnáisiúnta air ag feidhmiú i ról straitéiseach i dtaobh deiseanna oibre a fhoinsiú thar lear agus maidir le hardú próifíle an Fhorais.

Eagraíodh roinnt cláir staidéir le linn 2015 a raibh an Foras mar óstach iontu do chuartheanna ó státseirbhísigh agus bainisteoirí eanála poiblí ón iasacht a bhí dírithe ar deis a thabhairt dóibh foghlaim ón athchóiriú ar an eanáil poiblí in Éirinn a rinneadh le déanaí agus ó phríomhréimsí eile an riaracháin poiblí trí mhalaire eolais idir píaraí. Go sonrach, bhí an Foras mar óstach do dhá thoscaireacht ón Bhoisnia agus an Heirseagaivéin a bhí, gach toscaireacht ar leithigh, ag féachaint ar shamhail rathúil Éirinn a bhain leas as an diaspora trí chreatlach thiomnaithe bheartais agus trí chaidreamh eacnamaíoch, agus ar an gcomhoibriú idir rialtas áitiúil in Éirinn agus eagraíochtaí pobal-bhunaithe i réimse na forbartha eacnamaí agus an athmhuintearais. Lena chois sin eagraíodh cuairt do thoscáirí Coimisiún Státseirbhíse na hAsarbaiseáine a bhí dírithe ar fhoghlaim mar a fhorbraítear straitéis foghlama agus forbartha chun tacú le hathrú eagraíochtúil agus mar a chuirtear i ngníomh í.

Bhí gníomhaíocht tairisceana idirnáisiúnta chun tograí nua a fháil ar siúl ó cheann ceann na bliana agus bronnadh roinnt conarthaí tábhachtacha. Bhuamar clár tacaíochta na dispeansáide daonlathai nuaghinte i Maenmar atá á mhaoiniú ag an AE. Is cuid de chuibhreannas fairsing faoi cheannas na sainchomhairleoireachta Gearmánai GOPA é agus is é a dhéanfar sa chlár ná roinnt gníomhaíochtaí cúnaimh theicniúil a sheachadadh in 2016 i réimsí ar nós cuichóirithe an riaracháin poiblí, oiliúint agus forbairt pleananna eacnamaíochta straitéiseacha. De bhreis air sin bronnadh sannachán beag i gclár tacaíochta do Rialtas na hAirméine ar an bhForas atá á mhaoiniú ag an mBanc Domhanda. Tugann sé cúnaimh i ndáil le clár oiliúna cianfoghlaime a fhorbairt do bhainisteoirí ag an meánleibhéal agus ag an leibhéal sinsearach.

Mar sin féin is é an rud is tábhachtaí atá bainte amach ag an bhForas in 2015 ná tús a chur arís le Clár na nGnáthaí Eorpacha a bhí á thacú leis an Roinn Gnóthaí Eachtracha ó 2004 ach ar cuireadh deireadh leis in 2008 mar chuid de ghearradh ar an mbuiséad mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta. A bhuiochas le plé leanúnach leis an roinnt le linn na tréimhse comhdhlúthaithe ar fad tháinig ar ár gcumas an clár a athbhunú in 2015 agus díriú isteach ar thacaíocht a thabhairt do thíortha a bhfuil baint acu leis an bpróiseas méadaíthe Eorpach. Tugadh faoi dhá sraith gníomhaíochtaí: eagraíodh cuairt staidéir do dháréag oifigeach sinsearach ó riarachán lárnach na Seirbe a bhí ag féachaint ar an gcóras comhordaithe rialtais in Éirinn i réimse an chaidrimh AE agus na forbartha eacnamaí d'fhonn cumas idirbheartaíochta na rannpháirtithe a fheabhsú i gcaibidlí éagsúla d'acquis an AE; mar an gcéanna, cuireadh clár tiomnaithe oiliúna ar cheannaireacht agus bainistiú athraithe i gcrích do rogha bainisteoirí eanála poiblí ar an meánleibhéal agus ar an leibhéal sinsearach i rialtas Mhontainéagró mar chuid dá gclár iomlán athchóirithe.

Bhí an Foras ag feidhmiú i gcónaí mar phointe teagmhála náisiúnta do ghníomhaíochtaí 'Eamhnaithe' an AE ó 1999. Is ionstraim réamh-aontachais é eamhnú i gcónaí agus tá sé ar fáil anois do gach tír is iarrthóir agus do gach tír is réamh-iarrthóir.

Lean an Foras air a bheith rannpháirteach i líonra na Stiúrthóirí Institiúidí agus Scoileanna Riaracháin Phoiblí (DISPA) agus d'fhreastail ar dhara cruinniú de chuid Fóraim ECFE um Scoileanna Rialachais agus Riaracháin Phoiblí.

Ar iarratas an Bhoird thionscain an tAonad Seirbhísí Idirnáisiúnta measúnú an mhargaigh dhomhanda trí chuartheanna a thabhairt ar an tSin (Hong Kong agus mórtír), ar Oirthear na hEorpa agus an Eoraip Láir agus ar réigiún an Meánoirthir. De réir straitéis idirnáisiúnta an Fhorais Riaracháin is é is cuspóir don bheart seo ná féidearthacht mhargáí nua in eacnamaíochtaí atá ag teacht chun cinn a iniúchadh agus caidrimh le roinnt institiúidí agus scoileanna riaracháin poiblí a neartú. Díreofar gné dheiridh amháin in 2016 ar Dubai agus Catar, áiteanna ina bhfuilimid chun dul sa tóir ar ábhair chliant dhóchasacha.

Geallaimid oiliúint, comhairle agus foghlaim bunaithe ar ghníomh a chur ar fáil atá oiriúnaithe do chomhthéacs polaitiúil, cultúrtha agus oibríochta ár gcliant agus táimid ag tnúth le tairbhe a bhaint as ár líonra fairsing teagmhálacha idirnáisiúnta le linn na bliana seo chugainn d'fhonn ár ngealltanas a chomhlíonadh do chur chun cinn agus d'fhorbairt an riaracháin poiblí go hidirnáisiúnta, agus barrchleachtas na seirbhíse poiblí in Éirinn a thaispeáint.

“Táimid ag tnúth le tairbhe a bhaint as ár líonra fairsing teagmhálacha idirnáisiúnta le linn na bliana seo chugainn.”



Sa phictiúr (c-d) ag cuairt staidéir a d'eagraigh an Foras Riaracháin do Choimisiún Státseirbhíse na hAsarbaiseáine i Mí na Nollag: Rauf Aliyev; Teresa Casserly, Ceann Seirbhísí Idirnáisiúnta, an Foras Riaracháin; Asaf Aliyev; an Dr Marian O'Sullivan, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin; Fuad Mayilov; Sabira Shikhaliyeva; agus Kamil Bakshaliyev.



**Teresa Casserly**  
Stiúrthóir, Seirbhísí Idirnáisiúnta



---

# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE & FAISNÉISE

---

# SEIRBHÍSÍ LEABHARLAINNE & FAISNÉISE

Is é an Foras an t-aon eagraíocht sa tír seo a bhfuil sainleabharlann don riarachán poiblí aige. Tá an leabharlann dírithe ar chomhairle agus rochtain a chur ar fáil ar fhaisnéis trí leabhair, irisí agus trí acmhainní ar líne.


Tá an leabharlann suite ar Bhóthar Lansdún. Cuireann sí seirbhís iasachta, thagartha agus faisnéise ar fáil do mhic léinn, d'fhoireann agus do bhaill an Fhorais. De bhreis air seo freagraítear ceisteanna ó dhaoine eile tríd an nguthán nó trí ríomhphost. Cuirtear rochtain ar fáil ar leabhair, irisí, bhunachair shonraí leictreonacha, thuarascálacha, staitisticí agus ar fhoilseacháin oifigiúla faoi réimse ghinearálta na bainistíochta poiblí. Clúdaíonn an tseirbhís seo réimse leathan ábhar lena n-áirítear bainistíocht, eacnamaíocht, socheolaíocht, dlí, coireolaíocht, sláinte, airgeadas agus rialtas áitiúil.

Is í aidhm na Leabharlainne ná an fhaisnéis cheart agus na hacmhainní cearta a chur ar fáil sa bhformáid is oiriúnaí i dtráth cuí do réimse cliant ilghnéitheach atá scaipthe ar fud mórán áiteanna éagsúla. Tá seomraí léitheoireachta ar fáil chun staidéar a dhéanamh, chun leabhair a léamh agus a fháil ar iasacht agus chun teacht a fháil ar acmhainní leictreonacha. Féadann mic léinn cianoideachais leas a bhaint as an tseirbhís Leabharlainne tríd an ghuthán, trí ríomhphost nó trí rochtain ar bhunachair shonraí agus ar na mílte alt irise lán-téacs trí shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin. Is féidir ábhair nach bhfuil á gcoinneáil ag an leabharlann a iarraidh trí sheirbhís iasachta idirleabharlainne agus is féidir earraí a sholáthar mar chóip chrua nó mar chóip leictreonach.

Le linn an téarma bíonn an leabharlann oscailte ó 9.15 a.m. go 8 p.m. Luan go Déardaoin, agus go dtí 5.15 p.m. ar an Aoine. Lena chois sin bíonn amanna oscailte teoranta i bhfeidhm ar fhormhór na Satharn le linn an téarma. Tá eolas iomlán agus an t-eolas is deireanaí maidir le huaireanta oscailte ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais Riaracháin.



**Patricia Trotter**  
*Leabharlannai*



---

# FOILSITHEOIREACTH

---

# FOILSITHEOIREACHT

Tá baint ag obair Rannóg na bhFoilseachán le gníomhaíochtaí oideachais agus taighde níos leithne an Fhorais mar chuid den Whitaker School of Government and Management. Is bunús tábhachtach eolais agus faisnéise i chun treoir a thabhairt do chleachtas an riaracháin phoiblí. Sa bhliain 2015 bhí an *Administration Yearbook & Diary* ar an bhfód le caoga bliain anuas, ócáid a d'úsáideamar chun branda nua a bhaisteadh ar an *Yearbook: Ireland – A Directory*. Foilsíodh trí leabhar eile mar aon le ceithre eagrán den iris *Administration*. Lena chois sin lean Rannóg na bhFoilseachán uirthi ag cur tionscadail chomhairleoireachta i gcrích d'eagraíochtaí na hearnála poiblí.

In 2015 cuireadh tús le cur i ngníomh torthaí athbhreithnithe ar ghníomhaíocht foilsitheoireachta a rinne grúpa saineolaithe seachtracha in 2014. San athbhreithniú seo tugadh roinnt moltaí chun an ghníomhaíocht foilsitheoireachta a chur chun cinn.

## Leabhair a foilsíodh

Sheol an tAire Oideachais agus Scileanna, Jan O'Sullivan, TD, an leabhar *Irish Higher Education: A Comparative Perspective*, leis an Ollamh Patrick Clancy, ag Coláiste Ríoga na Máinlianna ar an 19 Bealtaine. Taispeánann an t-údar mar a rinneadh institiúid rithábhachtach do shocháil linne seo in Éirinn den ardoideachas. Cuireann ardoideachas le fás pearsanta, cur chun cinn na gairmréime agus le forbairt eacnamaíoch na socháil. Léiríonn an leabhar na dúshláin atá roimh an ardoideachas agus conas mar a thugtar aghaidh orthu n Éirinn i gcomparáid le tíortha eile de chuid na ECFE agus an AE.


Foilsíodh an dara eagrán de *Social Inclusion and the Legal System: Public Interest Law in Ireland*, le Gerry Whyte, i Mí Mheithimh. De bhreis air an chéad eagrán, a foilsíodh in 2002, a uasdhátú tá ábhar nua sa dara eagrán ar dlí Eorpach a úsáid i ndlíthíocht chun leasa poiblí i gcúirteanna na hÉireann agus ar thaithí cúirteanna na hAfraice Theas ar ráthaíochtaí bunreachta na gcearta sóch-eacnamaíocha atá sa Bhunreacht iar-apartheid a úsáid.

Sheol Kieran Mulvey, Ard-Stiúrthóir an Choimisiúin um Chairdeamh san Áit Oibre an leabhar *Managing Workplace Conflict: Alternative Dispute Resolution in Ireland*, le Paul Teague, William K. Roche, Tom Gormley agus Denise Currie ag Scoil Ghnó Michael Smurfit do Chéimithe ag COBHÁC ar an 1 Nollaig. Sa leabhar seo tá an chéad staidéar córasach ar oibriú agus torthaí réiteach díospóide malartach (ADR) in Éirinn. Fiosraítear nuálaíochtaí ar bhainistiú coinbhleachta i gcomhthéacs athruithe fadtréimhse ar phátrún coinbhleachta san áit oibre. Cuirtear roinnt staidéir cháis mhionsonraithe i láthair sa leabhar ar nuálaíochtaí ADR i móreagraíochtaí na hearnála príobháidí agus poiblí araon.

Lena chois sin foilsíodh roinnt tuarascálacha thar ceann Rannóg Taighde an Fhorais. Áirítear orthu:

- *Public Sector Trends 2015; (Treochtaí na hEarnála Poiblí 2015)*
- *Organisational Culture and the Public Service; (Cultúr Eagraíochtúil agus an tSeirbhís Phoiblí)*
- *A Case-Study of the Tipperary County Council Merger: (Staidéar Cáis ar Chumasc Chomhairle Chontae Thriobraid Árann)*

Tá liosta iomlán foilseachán an Fhorais Riaracháin ar fáil ar shuíomh gréasáin an Fhorais ([www.ipa.ie](http://www.ipa.ie)). Is féidir leabhair a cheannach tríd an áis cliceáil agus ioc ar an suíomh.





## Tréimhseacháin

Foilsíodh *Ireland – A Directory 2016*, dá nglaoiti *Administration Yearbook & Diary*, roimhe seo, i mí na Nollag. Ba é an Tánaiste, Joan Burton, TD, Aire um Choimirce Shóisialach, a sheol an *Directory*. Is é an *Directory* an bunachar sonraí ar shaol gnó na hÉireann, idir phríobháideach agus phoiblí is mó a bhaintear úsáid as i gcónaí. Agus í ag caint ag seoladh an fhoilseacháin dúirt Joan Burton:

“Mórghníomh iontach don bhForas Riaracháin is ea é an gharsprioc caoga bliana seo a bhaint amach leis an bhfoilseachán seo. Léiríonn an chartlann pearsanra i liostaí a chuid leathanach mar atá an aimsir ag imeacht de réir mar a druideann sé inár dtreo. Fágann gach duine díobh a mharc ar an tír seo agus tá a chuid féin déanta dúinn. Fáiltim roimh fhéiniúlacht athnuaite eagrán na bliana seo, *Ireland – A Directory 2016*, a rinneadh níos láidre fós le hábhar breise. Go n-éirí go geal leis an imleabhar ar feadh leathchéid eile.”

Chun cothrom lae caoga bliana an fhoilseacháin a cheiliúradh foilsíodh forlíonadh a thug chun suntais roinnt garspriocanna tábhachtacha i mbeartas poiblí a d’fhág rian ar shocháil na hÉireann le caoga bliain anuas.

Foilsíodh ceithre eagrán d’iris an Fhorais, *Administration*, i gcaitheamh na bliana. Orthu siúd áirítear athbhreithniú ar an earnáil phoiblí in 2014 agus eagrán speisialta ar athchóiriú an rialtais áitiúil. Le linn na bliana aistríodh an iris chuig ardán ar líne a bhfuil rochtain oscailte air, rud a comhaontaíodh le De Gruyter Open.

Tá teacht saor in aisce ar líne ar gach eagrán agus gach alt ó imleabhar 63 ar aghaidh:

[www.degruyter.com/view/j/admin](http://www.degruyter.com/view/j/admin)

## Comhairleoireacht Foilsitheoireachta

Lean Rannóg na bhFoilseachán uirthi ag cur saineolais ar fáil ó thaobh tionscadail foilsitheoireachta a tháirgeadh agus a bhainistiú ar son eagraíochtaí eile na hearnála poiblí. Táirgeadh an *Irish Probation Journal* thar ceann na Seirbhíse Promhaidh agus an Probation Board, Tuaisceart Éireann (Foilseachán Thuaidh/Theas).

## An Dr Richard Boyle

Ceann Foilsitheoireachta

---

Mórghníomh iontach don bhForas Riaracháin is ea é an gharsprioc caoga bliana seo a bhaint amach.

---



# DÁMHACHTAINÍ & BUAITEOIRÍ DUAISEANNA

# DÁMHACHTAINNÍ & BUAITEOIRÍ DUAISEANNA

Bronnadh dioplómaí, céimeanna baitsiléara agus céimeanna iarchéime ar 641 mhac léinn san iomlán le linn 2015. Bhí na searmanais bhronnta ar siúl i gCaisleán Bhaile Átha Cliath Dé hAoine an 11 Nollaig 2015. Ba iad seo a leanas na duaiseanna a bronnadh:

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Chúram Sláinte)**

An Chéad áit: **Denise Kelly**

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)**

An Chéad áit: **Maria Brennan**

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht TF)**

An Chéad áit: **Ciaran McCarron**

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Dlí & Riarachán Ceartais)**

An Chéad áit: **Anne Marie Callaghan**

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Rialtas Áitiúil)**

An Chéad áit: **Triona O'Flynn**

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht)**

An Chéad áit: **Deirdre Flood**

**Baitsiléir Ealaíon (Onór.) (Bainistíocht Phoiblí)**

An Chéad áit roinnte: **Colin Bissell, Rose Walsh**

**Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Bainistíocht Acmhainní Daonna)**

An Chéad áit: **Damien Martin**

**Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Bainistíocht Córais Faisnéise)**

An Chéad áit: **Catherine Tuohy**

**Baitsiléir Staidéar Gnó (Onór.) (Margaíocht)**

An Chéad áit: **Brian Colm McDonagh**

**Dioplóma i mBainistíocht Phoiblí**

An Chéad áit: **John Manning**

**Duais CIMA an Mac léinn Bhaitiléara is fearr i Staidéar Gnó (Onór (Cuntasaíocht)**

An Chéad áit: **Michael Gilmartin**

**Mac Léinn (Mic Léinn) Céime na Bliana 2015 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta**

**Maria Brennan, Denise Kelly**

---

Bronnadh dioplómaí, céimeanna baitsiléara agus iarchéimeanna ar 641 mhac léinn le linn 2015.

---

### Máistreacht Ealaíon (Ceartas Coiriúil)

An Chéad áit: **James O'Leary**

### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Airgeadais)

An Chéad áit: **Gillian Roche**

### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Chúram Sláinte)

An Chéad áit: **John Brennan**

### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit roinnte: **Mairead Clancy, Catherine Moran**

### Máistreacht Ealaíon (Ceannaireacht agus Straitéis)

An Chéad áit: **Linda Kelly**

### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Rialtais Áitiúil)

An Chéad áit: **John Hallahan**

### Máistreacht Ealaíon (Bainistíocht Phoiblí)

An Chéad áit: **Keith Kelleher**

### Máistreacht in Eolaíocht Eacnamaíochta in Anailís Bheartais

An Chéad áit roinnte: **Claire Hayes Curtin, Emer Griffin**

### Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht (Bainistíocht Airgeadais)

An Chéad áit: **Ruth Priestly**

### Máistreacht Eolaíochta i nGnó agus Bainistíocht (Bainistíocht Acmhainní Daonna)

An Chéad áit: **Laura Connolly**

### Dioplóma Iarchéime in Anailís Bheartais

An Chéad áit: **Ruth Langan**

### Dioplóma Iarchéime i mBainistíocht Phoiblí

An Chéad áit roinnte: **Michelle Kearney, Gormla O'Corrain**

### Teastas Gairmiúil i Rialachas

An Chéad áit: **Jackie Reed**

### Mac léinn Iarchéime na Bliana 2015 de chuid Scoil Whitaker Rialtais agus Bainistíochta

**Gillian Roche**



*Sa phictiúr (c-d) ag searmanais bhronnta 2015 i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí Patrick McDonnell, MEol i nGnó agus Bainistíocht; Caroline Brady, Teastas Gairmiúil i Rialachas; agus Vincent Hunt, MEol i nGnó agus Bainistíocht.*

**Dioplóma Gairmiúil i Staidéar Tithíochta**An Chéad áit: **Michael Hennessy****Dioplóma Gairmiúil i Staidreamh  
Oifigiúil le haghaidh Measúnú Beartais**An Chéad áit: **Kate Levey****Teastas Gairmiúil i mBainistíocht Togra**An Chéad áit: **Aidan Timmins****Dioplóma i Staidéar Gnó**An Chéad áit: **Kevin Foley****Dioplóma i Staidéar Ríomhaireachta**An Chéad áit: **Keith Birney****Dioplóma in Eacnamaíochtaí Sláinte**An Chéad áit: **Sarah Clarke****Dioplóma i mBainistíocht Chúram Sláinte**An Chéad áit: **Joan Johnston****Dioplóma i mBainistíocht Acmhainní Daonna**An Chéad áit: **Patricia Daly****Dioplóma i nDlí**An Chéad áit: **Diarmaid O'Sullivan****Dioplóma i Staidéar Rialtais Áitiúil**An Chéad áit roinnte: **Claire Prendergast, Alan Walsh****Dioplóma i mBainistíocht**An Chéad áit: **Fionnuala Murphy****Dioplóma i mBainistíocht Togra**An Chéad áit: **Breege Walsh****Dioplóma i Soláthar Poiblí**An Chéad áit: **Fiona Flynn**

Sa phictiúr (c-d, ar deiseal ón line ar bharr) ag searmanais bhronnta 2015 an Fhorais Riaracháin i gCaisleán Bhaile Átha Cliath bhí an Dr Michael Mulreany, Ard-Stiúrthóir Cúnta, an Foras Riaracháin; Nathy Walsh, Léachtóir Sinsearach, an Foras Riaracháin; an Dr Denis O'Brien, Cláraritheoir Cúnta, an Foras Riaracháin; Geraldine Tallon, Uachtarán, an Foras Riaracháin; an Dr Frank Murray, Cathaoirleach, Coiste Oideachais an Fhorais Riaracháin; an Dr Marian O'Sullivan, Ard-Stiúrthóir, an Foras Riaracháin; Kevin Foley, Mac léinn chéad áite sa Dioplóma i Staidéar Gnó (Cuntasáiocht); Dermot Clynes, Bainisteoir d'Fhorbairt Eagraíochtúil, an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus an Dr Lucy Fallon-Byrne, Ard-Stiúrthóir Cúnta, An Phríomh-Oifig Staidrimh.



# FOR-ROCHTAIN

# FOR-ROCHTAIN

Faoi mar a cuireadh in iúl i dtuarascálacha bliantúla roimhe seo, is é an Foras an eagraíocht atá tiomnaithe d'fhorbairt ghairm na seirbhíse poiblí. Dá thoradh sin, bítear ag brath go leanúnach ar shaineolas foireann an Fhorais i slite eile seachas soláthar seirbhíse díreach. Ó am go chéile, feidhmíonn siad i bpoist cheannaireachta sna comhlachtaí gairmiúla agus in An Garda Síochána; a mbaineann siad leo. Tá an tArd-Stiúrthóir ina bhall de roinnt gréasán Eorpach ceannairí scoileanna agus institiúidí riaracháin poiblí san AE.

Tá cúigear ball foirne ina mbaill neamhfheidhmiúcháin de choistí iniúchóireachta roinnt ranna rialtais, údarás áitiúil agus comhlachtaí státurraithe; tá cuid acu ag feidhmiú mar chathaoirleach agus leaschathaoirleach na gcoistí. Tá ról thábhachtach ag roinnt ball in Institiúid Chairte Airgeadais agus Cuntasaióchta Poiblí. De bhreis air sin, tá roinnt ball foirne ag feidhmiú mar rúnaithe coistí seachtracha ar nós coiste do chinn riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit, é sin, nó tá siad ag fónamh ar bhoird chomhlachtaí cosúil leis an gComhairle um Phleanáil Scoir. Tá ball amháin den bhfoireann ina bhall den nGrúpa Comhairleachta Rialtais a bhunaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun comhairle a chur ar fáil ar chláir athchóirithe an rialtais áitiúil.

Déanann an Foras éascaíocht do roinnt líonraí neamhfhoirmiúla chun deachleachtas a scaipeadh agus eolas, taithí agus saineolas a roinnt. Mar shampla, tacaíonn an Foras le líonra príomhfheidhmeannaigh chomhlachtaí stáit, le líonra cinn riaracháin i ngníomhaireachtaí stáit agus le fóram do chathaoirigh ar ghrúpálacha éagsúla na hearnála poiblí.

Le linn 2015, d'óstaigh an Foras roinnt seimineár maidine chun comhphlé agus díospóireacht a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha na seirbhíse poiblí ar cheisteanna tábhachtacha. Lena chois sin, foilsíodh trí eagrán de nuachtlitir leictreonach an Fhorais, ezine, le linn na bliana.

---

Le linn 2015 d'óstaigh an Foras roinnt seimineár maidine chun comhphlé agus díospóireacht a chur chun cinn i measc státseirbhíseach sinsearach agus fostaithe sinsearacha na seirbhíse poiblí ar cheisteanna tábhachtacha.

---



---

# RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHORAIS

---



# RIALACHAS & RIARACHÁN AN FHOIRIS

Cuideachta faoi theorainn ráthaíochta is ea an Foras Riaracháin, a ionchorpraíodh sa bhliain 1963. Feidhmíonn sé faoi choimirce na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, is eagraíocht neamhbhrabúis é a bhfuil stádas carthanais chláráithe aige agus é faoi réir iniúchta reachtúil ag an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Lena cois sin tá sé ainmnithe mar ghníomhaireacht stáit neamhthráchtála.

Tá an Foras á rialú ag Bord – faoi chathaoirleacht Niamh O’Donoghue (Ardrúnaí na Roinne Coimirce Sóisialaí), faoi láthair. Bord is ea é ar a bhfuil ionadaithe tofa / ainmnithe ó earnálacha éagsúla an riaracháin poiblí, ó bhainistíocht agus ó fhoireann an Fhoirís, ón earnáil ollscoile agus na gceardchumann, mar aon le hionadaí thar ceann na mac léinn. Feidhmíonn an Bord trí chruinnithe a dhéantar a sceidealú (go míosúil de ghnáth) agus trí cinn d’fhochoistí buana Boird: An Coiste Airgeadais agus Straitéise, a phléann saincheisteanna faoi bhainistíocht airgeadais straitéiseach, oibreacha caipitiúla san áireamh; an Coiste Riaracháin, a dhéanann monatóireacht ar fheidhmíocht oibriúcháin ó lá go chéile, ar shaincheisteanna acmhainní daonna, srl, agus a reachtálann a chuid cruinnithe de réir mar a bhíonn gá leo; agus an Coiste Iniúcháireachta, a phléann le hiniúcháireacht, measúnú riosca agus gnóthaí rialachais. Ina theannta sin, tá Coiste Oideachais ann a chuireann comhairle ar fáil maidir le hoibríocht oideachais agus a dhéanann monatóireacht orthu, cáilíochtaí agus cúrsaí san áireamh, agus Coiste Foilsitheoireachta Leabhar, a thugann comhairle ar straitéis foilseachán.

Bíonn Uachtarán an Fhoirís i gceannas ar an gcruinniú cinn bliana agus bíonn tacaíocht aige ó roinnt leas-uachtarán. Ba í Geraldine Tallon, Uas., Ard-Rúnaí ar scor ón Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil Uachtarán an Fhoirís in 2015. Ceapadh sí ag 52ú cruinniú cinn bliana an Fhoirís ar an 25 Meitheamh 2015 agus ghlac áit a réamhtheachtaí, an tUas. Tom Considine, ar Ard-Rúnaí ar scor ón Roinn Airgeadais é. Tá ainmneacha na n-oifigeach oinigh, na mball Boird, chomh maith le hainmneacha baill fochoistí an Bhoird ar an taobh istigh de chlúdach tosaigh na tuarascála bliantúla seo.

## TUARASCÁIL Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE INIÚCHÓIREACHTA

Tuairiscíonn Raymond Dolan:

Bhí ceithre chruinniú ag an gcoiste i gcaitheamh 2015. Chomhlíon sé a fheidhm trí tacú leis an mBord chun a chuid freagrachtaí maidir le rialachas corparáideach a chomhlíonadh. Áiríodh ar na gníomhaíochtaí a bhí ar bun againn le linn na bliana athbhreithniú a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais bliantúla, ar rialuithe airgeadais inmheánacha agus ar clár na rioscaí corparáideacha; monatóireacht ar chomhlíonadh an Chód Rialachais Stáit; maoriseacht a dhéanamh ar chlár an iniúcháir inmheánaigh agus a chinntiú go gcomhlíontar gach oibleagáid bhainteach eile. Ina theannta sin bhuaill sé le hionadaí ar iniúcháirí an Fhoirís – an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste.

## TUARASCÁIL Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE AIRGEADAIS & STRAITÉISE

Tuairiscíonn Niamh O’Donoghue :

Ní raibh ach aon chruinniú amháin ag an gcoiste i gcaitheamh na bliana. Ós rud é go raibh seasamh airgeadais an Fhoirís ag cobhsú i gcónaí tar éis chor chun donais dúshlánach na heacnamaíochta, níor ghá don gcoiste bualadh le chéile chomh minic sin le linn 2015. In 2016 áfach, tosóidh an coiste ar díriú ar fhorbairt straitéiseach an ghnó. Rinne an coiste athbhreithniú ar phlean gnó bliantúil 2015 an Fhoirís agus ar dhul chun cinn, go ginearálta, ar chur i ngníomh an phlean corparáidigh straitéisigh 2011–2015. Lena chois sin d’fhaomh an coiste an táirgeadh réamh-mheasta 2015 agus buiséad 2016 thar ceann an Bhoird.

## TUARASCÁIL Ó CHATHAOIRLEACH AN CHOISTE RIARACHÁIN

Tuairiscíonn Niamh O’Donoghue:

Ós rud é nach dtagann an coiste seo le chéile ach nuair a bhíonn gá leis, ní raibh ach dhá chruinniú aige in 2015. Pléadh cúrsaí foirne lena n-áirítear próiseas ceapacháin Ard-Stiúrthóra nua.



An Dr Cyril Sullivan

Stiúrthóir Seirbhíse Airgeadais agus Tacaíochta agus Rúnaí Cuideachta

## BALLRAÍOCHT

Is é an Foras an comhlacht garimíúil d'fhostaithe sa tseirbhís phoiblí. Freastalaíonn sé orthu siúd sa státseirbhís, in údaráis áitiúla, sa tseirbhís shláinte, i gcomhlachtaí stáitmhaoinithe, san earnáil oideachais, sa Gharda Síochána agus sna fórsaí cosanta. Coinnítear na baill ar an eolas faoi shaincheisteanna maidir le bainistíocht phoiblí trí rochtain a thabhairt dóibh ar fhaisnéisiú speisialta, ar ríomh-nuachtlitr agus an tréimhseachán *Administration*. Lena chois sin tugtar lascaí doibh ar fhoilseacháin agus seirbhísí eile. Téitear i gcomhairle le baill faoi shaincheisteanna reatha maidir le bainistíú poiblí agus soláthar seirbhíse an Fhorais amach anseo. Ar an gcuma seo cuireann siad le forbairt ghairmiúil an Fhorais. Faoi láthair tá 69 mball corparáideacha ag an bhForas agus 1,800 ball aonair idir mhic léinn agus baill den phobail a chuireann suim ann.

Tugtar lascaí do bhaill ar fhoilseacháin agus seirbhísí eile.

## TINREAMH AN BHOIRD 2015 – TIONÓLADH 6 CHRUINNIÚ

Ainm	Líon Cruinnithe i láthair	Nótaí
Elizabeth Adams	4	
Mark Callanan	5	
Brian Cawley	3	Chuaigh ar scor Meán Fómhair 2015
Raymond Dolan	2	
David Feeney	6	
Owen Keegan	3	
Connie Kelleher	3	
Paul Lemass	3	
Niamh O'Donoghue	5	
Martin O'Halloran	6	
Siobhan O'Halloran	4	
Caroline O'Regan	1	
Marian O'Sullivan	3	Ceapadh Deireadh Fómhair 2015
Colin Scott	4	
Julie Sinnamon	3	

## TINREAMH COISTE INIÚCHÓIREACHTA 2015 – TIONÓLADH 4 CHRUINNIÚ

Ainm	Líon Cruinnithe i láthair	Nótaí
Raymond Dolan	2	
Connie Kelleher	2	
Siobhan O'Halloran	0	
Caroline O'Regan	1	
Colin Scott	3	

## TINREAMH COISTE RIARACHÁIN 2015 – TIONÓLADH 2 CHRUINNIÚ

Ainm	Líon Cruinnithe i láthair	Nótaí
Elizabeth Adams	1	
David Feeney	2	
Niamh O'Donoghue	2	
Martin O'Halloran	2	
Caroline O'Regan	0	

## TINREAMH COISTE AIRGEADAIS & STRAITÉISE 2015 – TIONÓLADH 1 CHRUINNIÚ

Ainm	Líon Cruinnithe i láthair	Nótaí
Mark Callanan	1	
Brian Cawley	0	Chuaigh ar scor Meán Fómhair 2015
David Feeney	1	
Owen Keegan	0	
Paul Lemass	0	
Niamh O'Donoghue	1	
Marian O'Sullivan	1	Ceapadh Deireadh Fómhair 2015
Julie Sinnamon	0	

## BAINISTIÚ ACMHAINNÍ DAONNA

Sa bhliain 2015 rinneadh comhdhlúthú uair amháin eile tar éis athimlonnú, athstruchtúru agus laghdú líon foirne a bheith déanta sna blianta roimhe seo. Ceapadh Ard-Stiúirthóir nua, an Dr. Marian O'Sullivan agus chuaig si i mbun oifige i mí Dheireadh Fómhair tar éis don Dr Brian Cawley dul ar scor i mí Mheán Fómhair.

Tugadh Plean Lucht Saothair an Fhoirís isteach. Sa phlean seo féachtar ar riachtanais soláthar foirne agus saineolas speisialtóra atá ag teastáil sa mheántearma chun freastal ar éilimh agus dúshláin nua atá roimh chliaint. Cuireadh tús le hearcaíocht theoranta sa mhéid gur fostaíodh triúr intéirneach ar céimithe iad, agus gur ceapadh líon beag ball foirne TF agus riaracháin ar bhonn sealadach. Chuaigh cúigear ball foirne ar scor.

Bronnadh dochtúireachtaí ar bheirt bhall foirne agus lean roinnt ball foirne eile ar aghaidh i mbun staidéir acadúil. Spreagadh baill foirne agus tacaíodh leo chun freastal ar chomhdhála, seimineáir agus cúrsaí in-tí ábhartha mar is cuí.

Leanadh den obair ar bheartais Acmhainní Daonna agus an *Staff Handbook* (Lámhleabhar Foirne) a thabhairt cothrom le data chun na hathruithe ar bheartais san earnáil phoiblí a léiriú agus cloí le barrchleachtas.

D'fhaomh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta Scéim Gaeilge nua an Fhoirís.

Cuireadh seirbhísí rúnaíochta ar fáil ag an bhfoireann Acmhainní Daonna do Líonra na Seirbhísí Corparáideacha i nGníomhaireachtaí Stáit agus Fóram Fear an Phobail.

Reachtáladh cruinnithe foirne chun fóram a chur ar fáil le haghaidh nuashonraithe agus comhphlé ar thopaicí inmheánacha agus topaicí seachtracha.



---

# FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

---

# FEIDHMÍOCHT AIRGEADAIS

Leagtar amach sna Ráitis Airgeadais seo a leanas oibríocht airgeadais an Fhorais i leith na bliana go mionsonraithe. Tháinig faoiseamh ar na deacrachtaí trádála a bhí ag an bhForas le déanaí agus dá thoradh sin chobhsaigh a chúrsaí airgeadais tuilleadh le linn 2015. I gcomórtas le 2014 tháinig feabhas beag ar an ioncam oibríochta, €11m i gcomparáid le €10.9m anuraidh. Bhí a bharrachas oibríochta €186,420 ag an bhForas, níos fearr ná mar a bhíodas ag súil, is é sin, cóimheá airgid a bhaint amach. Ba é an rud ba mhó ba chúis leis an leibhéal barrachais seo ná go rabhthas ag díriú ar tairbhe a bhaint as an eacnamaíocht agus timpeallacht trádála i gcoitinne, a bhí ag téarnamh.

Bhí tuillimh an Fhorais comhdhéanta de sheirbhísí oiliúna agus idirnáisiúnta (24%), ioncam ó tháilli oideachais (43%), ioncam ó thaighde (3%), ioncam ó fhoilseacháin agus ó bhallaíocht (3%), scaoileadh deontais chaipitil (3%) agus deontas (24%) arna íoc ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Ar an iomlán, baineann an méadú beag bliain i ndiaidh bliana go díreach le méaduithe ar na leibhéil ghníomhaíochta sa timpeallacht trádála neamhchinnte, go háirithe i réimse na gclárúcháin iarchéime. Ar an taobh eile, bhí struchtúr costais an Fhorais go mór mór á stiúradh ag costais dhíreacha agus neamhdhíreacha, costais phá agus costais seirbhísíú fiachais.

Cé gur éirigh go breá leis an bhForas a chuid costas neamhphá a laghdú ó 2008, agus cé gur éirigh leis clár laghdaithe costais phá a chur i bhfeidhm le trí bliana anuas mar a luadh thuas, ba é an rud ba thábhachtaí ba bhunús le dea-fheidhmíocht in 2015 ná an láimhdeachas méadaithe mar aon le coinneáil choibhneasta bunús costais an Fhorais. Tháinig laghdú ar chostais dhíreacha an Fhorais (nó ar chostais a tabhaíodh de bharr a chuid clár oideachais agus oiliúna a réachtáil) le linn 2015 (mar thoradh ar athrú ar an tsli a chaitear le cuntasáíocht foireann léachtóireachta chomhlach an Fhorais), cé gur tháinig méadú beag ar chostais phá (go mór mór de bharr gur aistriodh táilli na léachtóirí comhlacha ó chostais dhíreacha).

Ós rud é go bhfuil scéim phinsin á hoibriú ag an bhForas thar ceann an Stáitchiste anois caitear leis an ranniocaíocht phinsin bhliantúil mar 'ranniocaíocht chuig an Stáitchiste' sna Ráitis Airgeadais. D'fhan an ranniocaíocht ag leibhéal na bliana 2014, isteach amach, is é sin, €1.452m. Leanann leibhéal na ranniocaíochta pinsin ón bhfostóir mar a bhíodh roimhe seo (ag 34.6% de thuarastail) tar éis don gciste a bheith aistrithe chuig Cúlchiste Náisiúnta Pinsean.

Tá na costais mhaoinithe le haghaidh áis na hiasachta fadtéarmaí arna húsáid chun Uimh. 55, Bóthar Lansdún a cheannach (ceannaithe in 2006), bunaithe ar rátaí úis idirbhainc de chuid an Bhainc Cheannais Eorpaigh. Leanadar sin ar aghaidh ag bonn fíoriseal le linn 2015. Dá thoradh sin gearradh ús bliana iomláine €22,025, i gcomparáid le €30,556 in 2014. Níor cuireadh aon mhóroibreacha caipitil i gcrích in 2015.

Maidir le bainistíocht airgeadais ar an iomlán, nuair a thógtar san áireamh na coinníollacha deacra trádála, d'éirigh leis an bhForas a chuid airgeadais a chobhsú le linn 2015 agus bhain sé barrachas maith oibríochta amach. Lena chois sin tá cúlchistí Clár Comhardaithe an Fhorais go maith i gcónaí le breis is €13.5m.

## FEABHSÚCHÁIN AR NA CÓRAIS INMHEÁNACHA

Ar aon dul le straitéis chórais faisnéise an Fhorais, rinneadh tuilleadh forbairtí ar bhonneagar inmheánach TF idir chrua-earraí agus bhogearraí. Tá an-tábhacht ag baint i gcónaí le Córas Bainistíochta Airgeadais (FMS) an Fhorais Riaracháin mar phríomhthacaíocht rialachais chun réamh-mheastacháin chruinne a thabhairt go tráthúil don bhfoireann bainistíochta agus don Bhord. Nuashonraíodh príomhghnéithe de bhonneagar córais an Fhorais le linn 2015. Áirítear orthu seo tuilleadh uasghrádaithe ar líonra cnámh drama an Fhorais agus ar chórais stórála agus cúlta. Mar bhall de Sheirbhís Tacaíochta TF an Údarás Ardoideachais (HEAnet) lean an Foras air ag obair le HEAnet le linn na bliana chun cabhrú leis tuilleadh forbartha a dhéanamh ar a chuid áiseanna leanúnachas gnó. Lena chois sin críochnaíodh mórbair forbartha ar chóras taifid na mac léinn a rinneadh beo go rathúil i mí Iúil 2015. Ina theannta sin tá roinnt tionscadal eile idir lámha i réimsí na foghlama digítí agus seachadadh seirbhísí gréasáin ar líne. De bhreis

air seo réachtáil an Stiúirthóir Airgeadais agus Seirbhísí Tacaíochta roinnt seisiúin feasachta airgeadais don bhfoireann ar fad chun a chinntiú go leanfaimid orainn ar fud an Fhorais ag díriú ar struchtúir rialachas ardcháilíochta ar rialú airgeadais agus ar thuairisciú éifeachtach ar fhaisnéis bhainistíochta.

### IONCHAIS AIRGEADAIS LE hAGHAIDH 2015

Mar a dúradh thuas chobhsaigh cúrsaí airgeadais an Fhorais tuilleadh in 2015 agus meastar go leanfaidh sin aghaidh in 2016. Ní dócha go dtiocfaidh fás ar ioncam an Fhorais Riaracháin roimh 2017 nó 2018 ar a laghad, rud a léireodh go mbeadh fás ag teacht ar chaitheamh an Stáitchiste ar eanáil na seirbhíse poiblí. Ní mór a thabhairt faoi deara go raibh deontas bloic an Fhorais ag €2.725m i gcónaí i gcomhair 2016 (mar a bhí sé in 2015). Tacaíocht dhearfach ab ea é seo ón Mháthair-roinn. Tá buiséad an Fhorais socraithe i gcomhair 2016 bunaithe ar láimhseachas a fhandaidh mar a bhí sé, ag €10.4m le barrachas oibríochta €50,000 nó mar sin. Tá deiseanna nua á lorg ag an bhForas i gcónaí chun a bhunús ioncaim a chothú (ar nós stádas 'Díolúine Teckal' nua agus an comhoibriú le COBhÁC) agus chun a chuid struchtúr pá agus neamhphá a chomhdhlúthú.

### COMHLÍONADH

Chomhlíon an Foras a chuid oibleagáidí maidir le hairgeadas, cánachas agus rialáil le linn 2015 agus lean sé air ag déanamh athbhreithnithe ar a chuid struchtúir rialachais chorparáidigh agus iad a nuashonrú.

---

Rinneadh mórobair forbartha ar chóras taifid mhic léinn an Fhorais a tháinig beo go rathúil i mí Iúil 2015.

---



# RÁITIS AIRGEADAIS

DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

# CLÁR ÁBHAR

STIÚRTHÓIRÍ & FAISNÉIS EILE	41
TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ	42
RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ	44
TUAIRISC AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE	45
RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH	46
RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS	47
RÁITEAS MAIDIR LE hIONCAM CUIMSITHEACH	47
RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS	48
RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS	49
RÁITEAS SREAFÁÍ AIRGID	50
NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS	51



# STIÚRTHÓIRÍ & FAISNÉIS EILE

## STIÚRTHÓIRÍ

Niamh O'Donoghue (Cathaoirleach)  
 Brian Cawley (Ard-Stiúrthóir; chuaigh ar scor Meán Fómhair 2015)  
 Marian O'Sullivan (Ard-Stiúrthóir; ceapadh Deireadh Fómhair 2015)  
 Elizabeth Adams  
 Mark Callanan  
 Raymond Dolan  
 David Feeney  
 Owen Keegan  
 Connie Kelleher  
 Paul Lemass  
 Martin O'Halloran  
 Siobhan O'Halloran  
 Caroline O'Regan  
 Colin Scott  
 Julie Sinnamon

## RÚNAÍ AGUS OIFIG CHLÁRAITHE

An Dr Cyril Sullivan  
 59 Bóthar Lansdún  
 Baile Átha Cliath 4

## INIÚCHÓIRÍ

Ard-Reachtair Cuntas & Ciste  
 3A Sráid an Mhéara Uachtarach  
 Baile Átha Cliath 1

## PRÍOMH-BHAINCÉIRÍ

Banc Aontas Éireann,  
 Lárionad Bainc,  
 Droichead na Dothra  
 Baile Átha Cliath 4

Banc KBC  
 Sráid Sandwith  
 Baile Átha Cliath 2

## ATURNAETHA

Eversheds  
 Ardán Phort an Iarla  
 Baile Átha Cliath 2

# TUARASCÁIL NA STIÚRTHÓIRÍ I LEITH NA BLIANA DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

Cuireann na stiúrthóirí a dtuarascáil bhliantúil agus Ráitis Airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 os bhur gcomhair. Féachtar ar an gcuideachta mar Eititeas Sochair Phoiblí ós rud é go gcomhlaíonn sí na critéir atá minithe i FRS 102.

## TIONCHAR FRS 102

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, agus athchuireadh na méideanna comparáideacha in iúl mar ba ghá. Leagtar tionchar na n-athruithe ar Ráitis Airgeadais a foilsíodh roimhe seo amach i Nóta 15.

## PRÍOMHGHNÍOMHAÍOCHTAÍ

Tá an Foras i mbun gníomhaíochtaí atá dírithe ar staidéar a chur chun cinn ar riarachán poiblí agus ar a chaighdeán a fheabhsú, ar tuiscint gairme a fhorbairt i bhfostaithe na seirbhíse poiblí agus ar comhthuisct a chothú idir an pobal agus fostaithe na seirbhíse poiblí.

## ATHBHREITHNIÚ AR FHORBAIRTÍ GNÓ AGUS AR FHORBAIRTÍ AMACH ANSEO

Bhí an leibhéal gnó agus an staid airgeadais ag deireadh na bliana sásúil agus measann na stiúrthóirí go gcoinneofar an leibhéal gníomhaíochta atá againn faoi láthair ar a laghad, sa tréimhse atá amach romhainn.

## TORTHAÍ

Tá an Ráiteas Ioncain agus Caiteachais don bhliain leagtha amach ar leathanach 47.

## PRÍOMH-RIOSCAÍ AGUS NEAMHCHINNTEACHTAÍ

Tá roinnt rioscaí agus neamhchinnteachtaí a d'fhéadfadh tionchar suntasach a imirt ar fheidhmíocht fhadthéarma an Fhoras Riaracháin. Déanann Bord agus bainistíocht shinsearach an Fhorais athbhreithniú rialta ar rioscaí atá ann agus sainaithníonn siad rioscaí nua ar bhonn míosúil. Tá rialuithe oiriúnacha agus pleananna gníomhaíochta ar bun chun rioscaí a mhaolú. Déanann an Coiste Iniúcháireachta monatóireacht ar na rioscaí agus neamhchinnteachtaí agus ar na rialuithe a bhaineann leo, ar bhonn rialta agus tuairiscítear don mBord iad.

Ar phríomh-rioscaí agus neamhchinnteachtaí atá roimh an chuideachta áirítear leanúint orainn píblíne ioncain a fhorbairt, a cuid tairiscíní táirge agus seirbhíse a fhorbairt agus a chinntiú go mbaineann siad le hábhar, a bonn costais a coinneáil faoi smacht agus gnó nua a aimsiú i gcónaí. Tá réimse straitéisí forbartha ag na stiúrthóirí chun dul i ngleic leis na rioscaí seo agus le rioscaí eile atá roimh an chuideachta.

## TEAGMHAIS DÁ ÉIS

Ní raibh aon teagmhais shuntasacha a chuaigh i bhfeidhm ar an gcuideachta tar éis dáta an Chlár Comhardaithe.

## STIÚRTHÓIRÍ

Anseo thíos ainmneacha na ndaoine a bhí ina stiúrthóirí ar an gcuideachta am ar bith i gcaitheamh na bliana airgeadais:

Niamh O'Donoghue (Cathaoirleach)

Brian Cawley (Ard-Stiúrthóir; chuaigh ar scor Meán Fómhair 2015)

Marian O'Sullivan (Ard-Stiúrthóir; ceaptha October Deireadh Fómhair 2015)

Elizabeth Adams

Mark Callanan

Raymond Dolan

David Feeney

Owen Keegan

Connie Kelleher

Paul Lemass

Martin O'Halloran

Siobhan O'Halloran

Caroline O'Regan

Colin Scott

Julie Sinnamon

## RÚNAÍ NA CUIDEACHTA

Ba é an Dr Cyril Sullivan rúnaí na cuideachta ar fud na bliana.

## TABHARTAIS PHOLAITIÚLA

Níl aon tabhartais pholaitiúla tugtha ag an gcuideachta sa bhliain airgeadais reatha.

## TAIFID CHUNTASAÍOCHTA

Is iad na bearta a ghlac na stiúrthóirí chun comhlíonadh riachtanais Ailt 281 go 285 d'Acht na gCuideachtaí, 2014 a chinntiú i ndáil le taifid chuntasaíochta a choinneáil nó beartais agus nósanna imeachta riachtanacha a chur i bhfeidhm chun idirbhearta a thairfeadh, pearsanra inniúil cuntasaíochta a fhostú a bhfuil an saineolas cuí acu agus acmhainní cuí a chur ar fáil don bhfeidhm airgeadais.

Is é 59 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4 suíomh taifid chuntasaíochta na cuideachta.


## RÁITEAS AR FHAISNÉIS ÁBHARHA CHUNTASÓIREACHTA

I gcás gach duine de na daoine ar stiúrthóirí iad ag an am a bhfaomhtar an tuarascáil seo de réir Ailt 330 d'Acht na gCuideachtaí, 2014:

- (a) Ar feadh eolais gach stiúrthóra níl aon fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ann nach bhfuil iniúcháirí reachtúla na cuideachta ar an eolas faoi; agus
- (b) Tá gach céim glactha ag gach stiúrthóir ar chóir dó/dí a ghlacadh chun a bheith ar an eolas ar fhaisnéis iniúcháireachta ábhartha ar bith agus a dheimhniú go bhfuil iniúcháirí reachtúla na cuideachta ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

## INIÚCHÓIRÍ

De réir Ailt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, leanfaidh na hiniúcháirí, an tArd-Reachtair Cuntas agus Ciste, ar aghaidh i mbun oifige.



**David Feeney**  
Stiúrthóir



**Mark Callanan**  
Stiúrthóir

Thar ceann an Bhoird, 26 Bealtaine 2016

## RÁITEAS AR FHREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir dlí agus rialacháin na hÉireann.

Ceanglaíonn dlí cuideachtaí Éireannach ar na stiúrthóirí Ráitis Airgeadais a ullmhú i ndáil le gach bliain airgeadais. De réir an dlí tá roghnaithe ag na stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, agus FRS 102, 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is Infheidhme sa R.A. agus i bPoblacht na hÉireann' a d'eisigh an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais, agus a d'fhógair Institiúid na gCuntasóirí Cairte ('creatlach ábhartha um thuairisciú airgeadais'). De réir dlí na gcuideachtaí níl cead ag na stiúrthóirí na Ráitis Airgeadais a fhaomhadh ach amháin más deimhin leo go dtugann siad léargas fíor cruinn ar na sócmhainní, dliteanais agus ar staid airgeadais na cuideachta amhail dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar bhrabús nó caillteanas na cuideachta don bhliain airgeadais, agus go gcomhlíonann siad Acht na gCuideachtaí, 2014 ar gach slí eile.


Agus na Ráitis Airgeadais sin á n-ullmhú ní mór do na stiúrthóirí:

- Beartais chuntasaiochta chuí a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasmhach ansin;
- Breithiúnais agus meastacháin réasúnta stuama a dhéanamh;
- Sonrú cé acu ár cuireadh nó nár cuireadh na caighdeáin chuntasaiochta is infheidhme i bhfeidhm agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú, na caighdeáin seo a shonrú, agus éifeacht agus cúiseanna le himeachtaí ábhartha ar bith ó na caighdeáin seo a áireamh.
- Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh ach amháin mura cuí a thoirmeáil go leanfaidh an chuideachta ar aghaidh i mbun gnó.

Tá na stiúrthóirí freagrach as a chinntiú go gcoinníonn an chuideachta taifid chuntasaiochta chuí nó go gcuireann sí á gcoinneáil iad, a mhíníonn go ceart cruinn idirbhearta na cuideachta agus a chuireann i dtaifead iad, a thugann léargas am ar bith chun gur féidir sócmhainní, dliteanais, seasamh airgeadais agus brabús agus caillteanas na cuideachta a dheimhniú go réasúnta cruinn agus a chuireann ar a gcumas a chinntiú go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil

na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014, agus a chinntíonn gur féidir iniúchóireacht a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais. Lena chois sin tá siad freagrach as sócmhainní na cuideachta a chosaint agus, dá réir sin, as céimeanna cuí a ghlacadh chun calaois nó neamhrialtachtaí eile a chosc agus a aimsiú.

Tá na stiúrthóirí freagrach as sláine na faisnéise corparáidí agus airgeadais a chothabháil atá ar shuíomh gréasáin na cuideachta. B'fhéidir nach mar an gcéanna reachtaíocht in Éirinn a rialaíonn ullmhú agus scaipeadh Ráitis Airgeadais agus an reachtaíocht i ndlínsí eile.



**David Feeney**  
Stiúrthóir



**Mark Callanan**  
Stiúrthóir

Thar ceann an Bhoird, 26 Bealtaine 2016

# TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE LE CUR FAOI BHRÁID THITHE AN OIREACHTAIS

## AN FORAS RIARACHÁIN

Tá iniúchadh déanta agam ar ráitis airgeadais an Fhorais Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 faoi Acht an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993. Ullmháidh na ráitis airgeadais de réir na mbeartas cuntasaióchta atá leagtha amach iontu agus cuimsítear iontu an an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas, an Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, an Ráiteas ar Athruithe ar Chothromas, an Ráiteas maidir le Staid Airgeadais, an Ráiteas Sreabhaí Airgid agus na nótaí a ghabhann leo. Is é Acht na gCuideachtaí, 2014 an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm chun iad a ullmhú mar aon leis an gCleachtas Cuntasaióchta a nglactar go ginearálta leis in Éirinn.

## FREAGRACHTAÍ NA STIÚRTHÓIRÍ

Tá na stiúirthóirí freagrach as na Ráitis Airgeadais a ullmhú, as a chinntiú go dtugtar léargas fíor cothrom iontu ar staid ghnóthaí na cuideachta agus ar a hioncam agus a caiteachas, agus as rialtacht na n-idirbheart a chinntiú.

## FREAGRACHTAÍ AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS AGUS CISTE

Tá mise freagrach as iniúchadh a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais agus tuairisc a thabhairt ina dtaobh de réir an dlí is infheidhme.

Déanaimse m'iniúchadh trí thagairt do na breithnithe speisialta a ghabhann le comhlachtaí stáit i ndáil lena mbainistíocht agus lena n-oibríocht.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúcháireachta (R.A. agus Éire) agus i gcomhréir le Caighdeán Eiticíúil d'Iniúcháirí an Bhoird um Chleachtas Iniúcháireachta.

## RAON FEIDHME AN INIÚCHTA AR NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is é atá i gceist le hiniúchadh ná fianaise a fháil faoi na méideanna agus faoina nochtar sna ráitis airgeadais ar leor iad chun cinnteacht réasúnta a thabhairt go bhfuil na Ráitis Airgeadais saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh calaois nó earráid ina bonn leis. Áirítear air seo measúnú orthu seo a leanas:

- Cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil na beartais chuntasaióchta oiriúnach do chúinsí na cuideachta agus ar cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm iad go seasmhach agus ar nochtadh nó nár nochtadh go cuí iad;
- Réasúntacht meastachán cuntasaióchta suntasach a rinneadh agus na Ráitis Airgeadais á n-ullmhú; agus
- Cur i láthair na Ráiteas Airgeadais ar an iomlán.

Chomh maith leis sin féachaimse le fianaise a fháil maidir le rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn m'iniúchta.

Ina theannta sin léim Tuarascáil Bhliantúil na cuideachta chun neamhrialtachtaí ábhartha leis na Ráitis Airgeadais iniúchta a aimsiú agus chun eolas ar bith a aimsiú atá mícheart ar chaoi thábhachtach de réir dealraimh, i gcomórtas leis an eolas atá faighte agam le linn m'iniúchta nó nach bhfuil cuid mhaith de ag teacht leis. Má thagaim ar aon mhíríteas ábhartha dealraitheach breithním na hiarmhairtí a bheadh i gceist maidir le mo thuairisc.

## TUAIRIM MAIDIR LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

Is í mo thuairim maidir leis na Ráitis Airgeadais:

- Go dtugtar iontu léargas fíor cruinn ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Fhorais Riaracháin amhail an 31 Nollaig 2015 agus ar a hioncam agus a caiteachas don bhliain dar críoch an dáta sin; agus
- Gur ullmháidh go cuí de réir an Chleachtas Cuntasaióchta a nGlactar go Ginearálta leis in Éirinn iad, agus
- Gur ullmháidh i gceart iad de réir Acht na gCuideachtaí, 2014.

## CÚRSAÍ NACH MÓR DOM TUAIRISCIÚ ORTHU DE RÉIR ACHT NA GCUIDEACHTAÍ, 2014

Fuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a mheasaim a bheith riachtanach chun críocha m'iniúchta. Is é mo thuairim go raibh taifid chuntasaióchta na cuideachta leordhóthanach chun cead a thabhairt go ndéanfaí iniúchadh ar na Ráitis Airgeadais go héasca go cuí. Tá na ráitis airgeadais ag teacht leis na leabhair chuntais.


Is í mo thuairim go bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil na Stiúirthóirí ag teacht leis na Ráitis Airgeadais

## CÚRSAÍ A DTUAIRISCÍM ORTHU TRÍ EISCEACHT

Tuairiscim trí eisceacht má aimsim:

- Ásc ábhartha ar bith nár úsáideadh airgead chun na críocha a raibh sé beartaithe dóibh nó nach raibh idirbhearta déanta de réir na n-údarás a bhfuil siad á rialú acu; nó
- Mura bhfuil an t-eolas a thugtar i dTuarascáil Bhliantúil don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 ag teacht leis na Ráitis Airgeadais nó leis an eolas atá faighte agam le linn m'iniúchta; nó
- Mura léiríonn an Ráiteas ar Rialú Airgeadais Inmheánach go bhfuil an Cód Cleachtas um Rialú Comhlachtaí Stáit á chomhlíonadh ag an gcuideachta; nó
- Mura bhfuil luach saothair agus idirbhearta nochtaithe de réir mar atá sonraithe in Acht na gCuideachtaí, 2014; nó
- Má thugaim faoi deara cúrsaí ábhartha eile a bhaineann leis an tsli inar cuireadh gnó poiblí i gcrích.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí a ndéantar tuairisciú orthu trí eisceacht.



Patricia Sheehan

Le haghaidh agus thar ceann an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. 31 Bealtaine 2016

# RÁITEAS AR RIALÚ AIRGEADAIS INMHEÁNACH DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

Admhaíonn an Bord go bhfuil sé freagrach as córas rialaithe airgeadais an Fhorais Riaracháin. Admhaíonn sé leis, nach féidir le haon chóras rialaithe airgeadais ach cinnteacht réasúnta seachas cinnteacht iomlán a thabhairt, i gcoinne aon earráidí ábhartha. Tá na rialuithe inmheánacha airgeadais atá i bhfeidhm san Fhoras i rith 2015 leagtha amach anseo thíos.

Is iad seo a leanas na príomhnósanna imeachta atá curtha i bhfeidhm ag an mBord chun rialú airgeadais éifeachtach a thabhairt:

## (A) AN TIMPEALLACAHT RIALAITHE

Tá céimeanna glactha ag an mBord chun a chinntiú go bhfuil timpeallacht rialaithe chuí i bhfeidhm, mar seo a leanas:

- Nósanna imeachta foirmiúla a chur ar bun trí fheidhmeanna coiste éagsúla, chun monatóireacht a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainiú agus a dhoiciméadú go soiléir;
- Cultúr láidir cuntasaiochta a fhorbairt thar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá nósanna imeachta rialaithe airgeadais curtha ar fáil do gach ball foirne, lena n-áirítear nósanna imeachta soláthair agus nósanna imeachta maidir le cuntais infhaighte agus cuntais iniúchta.

Cuirtear teorainneacha caiteachais i bhfeidhm go docht maidir le gach leibhéal bainistíochta. Rinneadh athbhreithniú ar na teorainneacha seo in 2015. Déanann Oifig Airgeadais an Fhorais monatóireacht ar an rialú seo, trí scrúduithe láimhe agus trí scrúduithe uathoibríthe leictreonacha araon.

Tá feidhm scartha comhsheasmhach á cur i bhfeidhm maidir códú agus údarú ar fud aonaid ghnó an Fhorais agus tá monatóireacht go lárnach á déanamh air ag an Oifig Airgeadais.

Oibríonn an fheidhm soláthair le haghaidh caiteachais ar fhorchostais ar bhonn na gcaighdeán a aontaíodh leis an Stiúrthóir Airgeadais agus leis na Seirbhísí Tacaíochta agus tá sé faofa ag an Ard-Stiúrthóir agus ag an Bhord.

## (B) RIOSCAÍ GNÓ AGUS IMPLEACHTAÍ AIRGEADAIS A AITHINT

Mar a dhéantar go bliantúil sa bhForas Riaracháin, rinneadh athbhreithniú riosca gnó le linn na bliana, a raibh grúpa den bhfoireann bainistíochta shinsearach bainteach leis. Díriodh aird ar na rioscaí suntasacha a bhí ann do ghnó an Fhorais Riaracháin agus ar na gníomhaíochtaí maolaithe a bhí riachtanach. Táthar ag tabhairt aghaidhe ar na rioscaí gnó a aithníodh san athbhreithniú trí phlean corparáideach an Fhorais a chur i bhfeidhm (clár rioscaí ar leibhéal corparáideach) ar an gcéad dul síos, agus trí an bpróiseas pleanála gnó ina dhiaidh sin. Maidir le 2015, rinne an Bord athbhreithniú ar phleananna gnó an Fhorais i gceann gach leathbhliana agus ar a gníomhaíochtaí bainistithe riosca ag gach cruinniú dá chuid. Maidir le 2016, déanfaidh gach rannóg ghnó a cuid gníomhaíochtaí maolaithe riosca a shníomh isteach ina cuid pleananna gnó bliantúla mar a rinneadh roimhe.

## (C) NA CÓRAIS FAISNÉISE

Ar chórais faisnéise an Fhorais áirítear pacáiste comhtháite cuntasaiochta bhainistíochta agus airgeadais darb ainm 'Integra'. Tá modúil chomhtháite leictreonacha le haghaidh rialú airgeadais ar an gcóras maidir le hioncam, caiteachas, cuntais infhála, cuntais iniúchta, ordú ceannaigh, párolla, taisteal agus liúntas cothaithe foirne agus sócmhainní seasta.

Tá formhór na rialuithe próiseála faisnéise uathoibríthe laistigh de na córais leictreonacha; i measc na rialuithe tá údarú cuí, deighilt dualgas agus scanadh doiciméad agus taifead bunaidh. Tá próiseáil faisnéise an Fhorais á rialú ag sraith iomlán de nósanna imeachta rialaithe.

Lena chois sin, tá roinnt córas tacaíochta gnó comhtháite sa chóras bainistíochta airgeadais (FMS). Oibríonn Rannóg Foilsitheoireachta an Fhorais Riaracháin modúl um Phróiseáil Orduithe Díolachán (SOP) ina bhfreastalaítear ar ordú díolachán, ar shonraisc agus ar rialú stoic. Baineann an Rannóg Oilíúna leas as córas comhtháite Riarachán agus Bainistíochta Oilíúna (TAMS) chun próiseas áirithintí agus sonraisc na gcliant a bhainistiú. Maidir lenár gclár Oideachais, bainistíonn córas comhtháite Faisnéise agus Riaracháin Mac Léinn (SIAS) clárú mac léinn agus bailiú táillí.

## (D) NÓSANNÁ IMEACHTA CHUN MONATÓIREACHT A DHÉANAMH AR ÉIFEACHTACHT AN CHÓRAS RIALAITHE AIRGEADAIS

Ullmhaítear cuntais bhainistíochta mhíosúla ina gcuirtear ioncam agus caiteachas buiséadaithe i gcomparáid leis an ioncam agus caiteachas a tabhaíodh go hiarbhair. Déanann an grúpa bainistíochta sinsearach athbhreithniú ar na cuntais seo. Déanann siad scrúdú mionsonraithe ar na hidirbhearta agus na gníomhaíochtaí is bonn leo d'fhonn iomláine agus cruinneas a chinntiú. Cuireadh na cuntais seo faoi bhráid an Bhoird ag gach cruinniú dá chuid le linn 2015 agus rinne an Choiste Airgeadais agus Straitéise athbhreithniú orthu ag an t-aon chruinniú amháin a bhí acu in 2015.

Próiseas fairsing is ea an próiseas buiséadaithe bliantúil. Ceapann gach aonad buiséad mionsonraithe maidir le hioncam agus le caiteachas díreach, a ndéanann an Bord athbhreithniú agus foamhadh air. Ullmhaítear buiséid mhionsonraithe maidir le caiteachas caipitiúil chomh maith. De bhreis air sin, oibríonn an Foras córas forásach trí bliana buiséadaithe ilbhliantúil.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an bhForas ach déantar í a sheachfhoinisú faoi láthair. Ullmhaítear clár iniúchóireachta mionsonraithe gach bhliain agus déanann an Bord é a fhaomhadh trína Choiste Iniúchóireachta. Déantar athbhreithniú leanúnach ar an bplean iniúchta inmheánaigh. Athbhreithníonn Coiste Iniúchóireachta an Bhoird na tuarascálacha iniúchóireachta a ullmhaítear, lena n-áirítear moltaí a chur i bhfeidhm.


Déanann Rannóg Airgeadais an Fhorais monatóireacht ar idirbhearta ioncaim agus caiteachais chun a chinntiú go gcomhlíonann gach ceann de na haonaid ghnó na caighdeáin maidir le beachtas, bailíocht agus oiriúnacht.

## (E) ATHBHREITHNIÚ BLIANTÚIL

Rinneadh athbhreithniú bliantúil ar rialuithe inmheánacha airgeadais an Fhorais a bhí i bhfeidhm i rith 2015. Rinne Bord an Fhorais athbhreithniú ar éifeachtacht na gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais ag a chruinniú ar an 11 Feabhra 2016.



**Niamh O'Donoghue**  
Cathaoirleach



**An Dr Marian O'Sullivan**  
Ard-Stiúrthóir

Thar ceann an Bhoird, 26 Bealtaine 2016

## RÁITIS AIRGEADAIS

## RÁITEAS IONCAIM AGUS CAITEACHAIS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015


IONCAM	Nótaí	2015 €	2014 (athráite) €
Ioncam ó Tháillí	2	7,640,820	7,469,737
Diol Foilseachán	3	300,226	376,723
Sintiúis		266,034	260,065
Deontas ón Oireachtas	4	2,629,000	2,654,000
Amúchadh an deontais chaipitil	14	149,823	149,823
		<b>10,985,903</b>	<b>10,910,348</b>

## CAITEACHAS OIBRIÚCHÁIN

Costais dhíreacha	6	2,220,978	2,440,948
Costais tuarastail	7	5,506,035	5,055,775
Caiteachas Riaracháin	8	1,598,206	1,530,023
Ús iníoctha agus a leithéid de mhuirir		22,025	30,556
		<b>9,347,244</b>	<b>9,057,302</b>

Barrachas oibriúcháin don bhliain	5	1,638,659	1,853,046
Lúide ranniocaíocht leis an Stáchtiste maidir le Pinsin	20c	(1,452,239)	(1,441,175)
Barrachas tar éis Ranniocaíochta leis an Stáchtiste		<b>186,420</b>	<b>411,871</b>

Baineann gach ioncam agus caiteachas don bhliain le gníomhaíochtaí leantacha ar an dáta tuairiscithe. Sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachas tá gach gnóthachain agus cailteanas a aithníodh sa bhliain. Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 23.



**David Feeney**  
Stiúrthóir




**Mark Callanan**  
Stiúrthóir

Thar ceann an Bhoird, 26 Bealtaine 2016

## RÁITEAS MAIDIR LE HIONCAM CUIMSITHEACH Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

	Nótaí	2015 €	2014 (athráite) €
Barrachas tar éis ranniocaíochta ón Stáchtiste		186,420	411,871
Ioncam Cuimsitheach eile		-	-
Iomlán Ioncaim Chuimsithigh		<b>186,420</b>	<b>411,871</b>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 23.



**David Feeney**  
Stiúrthóir



**Mark Callanan**  
Stiúrthóir

Thar ceann an Bhoird, 26 Bealtaine 2016

## RÁITIS AIRGEADAIS

## RÁITEAS MAIDIR LE hATHRUITHE AR CHOTHROMAS Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015

MAIDIR LEIS AN BHLIAIN REATHA	Cúlchiste Caipitil €	Cúlchiste loncaim €	Barrachas Carntha ar loncam agus Caiteachas €	Deontais Chaipitil €	lomlán €
Amhail 1 Eanáir 2015	8,624,431	3,137,117	886,641	813,137	13,461,326
Aistriú chuig Cúlchiste Caipitil	197,074	(197,074)	-	-	-
Amúchadh Deontas Caipitil	-	-	-	(149,823)	(149,823)
Barrachas ar Ráiteas loncaim agus Caiteachais	-	-	186,420	-	186,420
<b>Amhail 31 Nollaig 2015</b>	<b>8,821,505</b>	<b>2,940,043</b>	<b>1,073,061</b>	<b>663,314</b>	<b>13,497,923</b>

MAIDIR LEIS AN MBLIAIN ROIMHE	Cúlchiste Caipitil €	Cúlchiste loncaim €	Barrachas Carntha ar loncam agus Caiteachas €	Deontais Chaipitil €	lomlán €
Amhail 1 Eanáir 2014	8,366,574	3,394,974	520,555	962,960	13,245,063
Aistriú chuig Cúlchiste Caipitil	257,857	(257,857)	-	-	-
Amúchadh Deontas Caipitil	-	-	-	(149,823)	(149,823)
Barrachas ar Ráiteas loncaim agus Caiteachais	-	-	419,676	-	419,676
Coigeartú FRS 102	-	-	(53,590)	-	(53,590)
<b>Amhail 31 Nollaig 2014</b>	<b>8,624,431</b>	<b>3,137,117</b>	<b>886,641</b>	<b>813,137</b>	<b>13,461,326</b>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 23.



**David Feeney**  
Stiúrthóir



**Mark Callanan**  
Stiúrthóir


Thar ceann an Bhoird, 26 Bealtaine 2016



## RÁITEAS MAIDIR LE STAID AIRGEADAIS amhail 31 Nollaig 2015

SÓCMHAINNÍ NACH SÓCMHAINNÍ REATHA IAD	Nótaí	2015 €	2014 (athráite) €
Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh	10	15,496,972	15,850,253
<b>SÓCMHAINNÍ REATHA</b>			
Fardal	9	127,400	111,772
Cuntais infhála	11	1,248,333	1,388,682
Airgead Tirim agus a Choibhéis		2,099,577	1,993,107
		<b>3,475,310</b>	<b>3,493,561</b>
<b>CUNTAIS INÍOCTHA:</b>			
Méideanna a bheidh dlite laistigh de bhliain	12	(2,797,196)	(3,008,251)
Glanshócmhainní Reatha		678,114	485,310
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais Reatha		16,175,086	16,335,563
<b>CUNTAIS INÍOCTHA:</b>			
Méideanna a bheidh dlite tar éis bliana	13	(2,677,163)	(2,874,237)
Iomlán na Sócmhainní Lúide Dlíteanais		13,497,923	13,461,326
Oibleagáid Sochair Scoir Fhadthearma	20	(55,355,000)	(58,152,000)
Sócmhainn Sochair Scoir Iarchurtha	20	55,355,000	58,152,000
Glanshócmhainní		<b>13,497,923</b>	<b>13,461,326</b>
<b>CAIPITEAL AGUS CÚLCHISTÍ</b>			
Cúlchistí		11,761,548	11,761,548
Cuntas Carntha Barrachais ar Ioncam & Caiteachas		1,073,061	886,641
Deontais Chaipitil	14	663,314	813,137
		<b>13,497,923</b>	<b>13,461,326</b>

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 23.



**David Feeney**  
Stiúrthóir



**Mark Callanan**  
Stiúrthóir

## RÁITIS AIRGEADAIS

RÁITEAS SREABHADH AIRGID Don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015			
GLANSREAFÁI AIRGID Ó GHNÍOMHAÍOCHTAÍ OIBRIÚCHÁIN		2015 €	2014 (athráite) €
Barrachas Oibríochta tar éis Ranniocaíochta leis an Státchiste		186,420	411,871
Coigeartuithe do:			
Ús iníochta		22,025	30,556
Dímheas		622,080	579,027
Amúchadh Deontas		(149,823)	(149,823)
Méadú ar fhardail		(15,628)	10,491
Coigeartú ar dhiúscairt		(988)	-
Laghdú/(Méadú) ar chuntais infhála		140,349	127,550
(Laghdú)/Méadú ar chuntais iníochta		(211,055)	(9,727)
Coigeartú FRS 102		-	7,805
<hr/>			
	Notes	2015 €	2014 (athráite) €
Glansreafaí Airgid ó Gníomhaíochtaí Oibríúcháin		593,380	1,007,750
<hr/>			
SREAFÁI AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ INFHEISTÍOCHTA		593,380	1,007,750
Íocaíochtaí i ndáil le Maoin, Gléasra & Trealamh		(267,811)	(193,944)
<hr/>			
Glansreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Infheistíochta		(267,811)	(193,944)
<hr/>			
SREAFÁI AIRGID AS GNÍOMHAÍOCHTAÍ AIRGEADAITHE			
Ús Íochta		(22,025)	(30,556)
Laghdú ar Áis Mhorgáiste 20 bliain		(197,074)	(257,857)
<hr/>			
Glansreafaí Airgid as Gníomhaíochtaí Airgeadaithe		(219,099)	(288,413)
<hr/>			
Glanmhéadú ar Airgead Tirim agus a Choibhéis	16	106,470	525,393
<hr/> <hr/>			

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo an Ráiteas Sreafaí Airgid agus nótaí 1 go 23.

# NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DAR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2015

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá bonn na cuntasaióchta agus na beartais cuntasaióchta suntasacha a bhfuil glactha leo ag an bhForas leagtha amach anseo thíos. Cuireadh i bhfeidhm go seasmhach iad go léir le linn na bliana agus na bliana roimhe.

### (a) Eolas Ginearálta

Cuideachta phríobháideach faoi theorainn Rathaióchta is ea an Foras Riaracháin, gan chaipiteal scaireanna, arna chorprú i bPoblacht na hÉireann. Is é an Oifig Chláraithe 59 Bóthar Lansdún, Baile Átha Cliath 4, agus is é seo príomhát ghnó na cuideachta chomh maith.

Is é príomhchuspóir an Fhorais de réir mar atá leagtha amach ina Meamram agus Airteagail Chomhlachais ná an t-oidreachas a chur chun cinn, scoláireacht a chur ar aghaidh agus cumais a chothú i riarachán poiblí agus bainistíocht d'fhonn seirbhís poiblí a fheabhsú.

### (b) Ráiteas Comhail

Ullmháidh Ráitis Airgeadais an Fhorais Riaracháin don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015 de réir FRS 102, 'An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa R.A. agus i bPoblacht na hÉireann' atá eisisithe ag an gComhairle um Thuairiscíú Airgeadais, mar atá fógraithe ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann. Is é seo an chéad uair a eisíonn an Foras Ráitis Airgeadais de réir FRS 102. Ba é an 1 Eanáir 2014 an dáta ar ar aistríodh chuig FRS 102. Athluadh Ráitis Airgeadais na bliana roimhe i dtaobh coigeartaithe ábhartha ar ghlacadh le FRS 102 sa bhliain reatha. Tá torthaí an bheart glactha seo i Nóta 15.

Cuireadh na beartais chuntasaióchta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn a bheith ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais na cuideachta.

### (c) Bunús Ullmhúcháin

Ullmháidh na Ráitis Airgeadais faoin chomhghnás costais stairiúil ach amháin maidir le sócmhainní agus dlíteanais áirithe a mheastar ag luachanna córa mar a mhínítear sna beartais chuntasaióchta thíos. Tá na Ráitis Airgeadais i bhfoirm atá faofa faoi Achtanna na gCuideachtaí agus na bprionsabail ábhartha a nglactar go ginearálta leo. Cuireadh na beartais chuntasaióchta seo a leanas i bhfeidhm go comhsheasmhach le linn a bheith ag déileáil le míreanna a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le Ráitis Airgeadais an Fhorais Riaracháin.

#### (i) Ioncam (Seachas Deontas ón Oireachtas)

Déantar ioncam a chur san áireamh ar bhonn infhaighteachta seachas suibscríbhinní. Cuirtear in ioncam iad nuair a fhaightear iad. Cuirtear táillí cúrsa san áireamh in ioncam táilli agus tugtar isteach in ioncam iad le linn tréimhse an chúrsa.

#### (ii) Deontas ón Oireachtas

Aithnítear ioncam de ghnáth ar bhonn fabhráithe; eisíocht amháin is ea deontais ón Oireachtas. Aithnítear iad ar bhonn fáiltas airgid tirim.

#### (iii) Deontais Chaipitil

Cuirtear deontais i leith caiteachas caipitil chun sochair d'ioncam iarchurtha agus scaoiltear leo chuig an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar saolré úsáideach mheasta na sócmhainní lena mbaineann, i ranníocaíochtaí bliantúla cothroma.

(iv) Réadmhaoin, Gléasra & Trealamh, agus Dímhéas  
Luaitear réadmhaoin, gléasra agus trealamh, foirgnimh san áireamh, ag a gcostas stairiúil nó luacháil lúide dímhéas carntha. Cuirtear gach sócmhainn sheasta inláimhsithe i dtaifead ag a costas stairiúil ar dtús. Áirítear air seo táillí dlí, dleacht stampála agus cánacha ceannaigh eile nach bhfuil inaisíoctha, chomh maith le costais ar bith a leanann go díreach as an sócmhainn a thabhairt chuig an suíomh agus sa riocht atá riachtanach chun a chur ar a cumas oibriú sa tslí atá beartaithe ag an mbainistíocht, rud lena bhféadfadh costais ullmhúcháin láithreach, seachadadh agus láimhseáil thosaigh, suiteáil agus coimeáil agus tástáil feidhmiúlachta a bheith i gceist.

Soláthraítear dímhéas ar gach sócmhainn sheasta inláimhsithe seachas talamh ruilse, ag rátaí a ríomhtar chun costas nó luacháil gach sócmhainne a dhíscríobh, lúide a luach measta iarmharach, go córasach thar a saolré úsáideach mheasta de réir méid chothroim, mar seo a leanas:

Foirgnimh ruilse	2% De réir méid chothroim
Áitribh ar léas	2% De réir méid chothroim
Trosacán & Feistis	5% De réir méid chothroim
Trealamh	10% De réir méid chothroim
Leabhair Leabharlainne	20% Iarmhéid laghdaitheach
Innill oifige	25% De réir méid chothroim
Sócmhainní ar léas	33.3% De réir méid chothroim
Foirgnimh réamhdhéanta	33.3% De réir méid chothroim

Tosaíonn dímhéas sa bhliain ina gcuirtear tús le húsáid na sócmhainne.

Mar chuid den athbhreithniú bliantúil ar a chuid sócmhainní rinne an Foras Riaracháin athbhreithniú ar bhearnúcháin. Ní dheanadh aon choigeartaithe in 2015 i ndáil le bearnúcháin sócmhainní.

#### (v) Fardal

Luaitear fardail ag an luach níos ísle den luach costais agus glanluach inréadaithe agus an modh is tuisce isteach is tuisce amach. Tá glanluach inréadaithe bunaithe ar an ngnáthphraghas díolta lúide costais bhreise a mheastar go dtabhófar iad go dtí go bhfuil sé críochnaithe agus diúscartaithe. Déantar soláthar más gá, d'fhardal atá as dáta agus atá ag aistriú go mall.

#### (vi) Infháiltas

Cuirtear infháiltas i dtaifead ag an bpraghas idirbhirte i dtosach. Discríobhtar drochfhiachais atá ar eolas agus déantar soláthar ar leith do mhéideanna ar bith a mheastar a mbailiúcháin a bheith in amhras.

#### (vii) Sócmhainní ar Léas

Déantar sócmhainní a shealbhaítear faoi léasanna airgeadais agus faoi chonarthaí fruilcheannaigh a aithint sa Chlár Comhardaithe agus a dhímhéas thar a saolré úsáideach agus aithnítear an léas nó fruilcheannach comhfhreagrach mar dhlíteanas. Gearrtar an ghné úis de na cíosanna léas airgeadais ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar tréimhse an leasa agus seasann sé do ráta úis buansheasmhach tréimhsiúil ar iarmhéid na n-aisíocaíochtaí caipitil atá amuigh. Gearrtar cíosanna

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

léas oibriúcháin ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais de réir méid chothroim thar téarma an léasa. Ní raibh aon léasanna oibriúcháin i bhfeidhm in 2015..

### (viii) Costais Sochar Scoir

Tá scéim shochar scoir shainithe i bhfeidhm do gach fostaí an Fhoras Riaracháin mar is cuí. Faoi fhorálacha an Achta um Bhearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009 aistríodh sócmhainní ciste scoir an Fhorais a measadh ag luach cóir, chuig an gCúlchiste Pinsean Náisiúnta ar an 30 Meitheamh 2010. Tá an scéim shochar scoir i bhfeidhm i gcónaí do bhaill reatha gan aon tionchar a imirt ar na sochair nó ar sholáthar breise atá ann do na baill.

Meastar dliteanas na scéime sochar scoir ar bhonn achtúireach tríd an modh aonad réamh-mheasta a úsáid agus léiríonn siad luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo atá tuillte ag an bhfoireann go dtí seo. De réir na socrúithe um mhaoiniú pinsean aithnítear sócmhainn arb ionann é ó thaobh méid de leis an dliteanas seo agus léiríonn sé seo na méideanna atá le haisiúc i dtéarmaí amach anseo trí dheontas ón Oireachtas.

I muirear an sochar scoir sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais cuimsítear rannchuidiú an Fhorais atá le n-íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ó dháta an aistrithe de réir na socrúithe maoinithe.

### (ix) Cáin

Tá teideal chuig díolúine ó cháin ag an gcuideachta faoin Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997. Is í CHY 5401 an uimhir chlárúcháin charthanais agus is í 2008031 an Uimhir Rialaithe Charthanais. Dá réir sin níor cuireadh muirear cánach san áireamh sna Ráitis Airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2015.

### (x) Airgead tirim agus a choibhéis

Is é atá i gceist le hairgead tirim ná airgead ar láimh agus taiscí ar iarratas. Is é atá i gceist le coibhéis airgid tirim ná infheistíochtaí gearrthearma fíor-leachtacha atá in-chomhshóite go héasca ina méideanna airgid tirim atá ar eolas a bhfuil an riosca go n-athróidh a luach neamhshuntasach.

### (xi) Iasachtaí

Fuair an chuideachta iasacht 20 bliana arna hurrú trí mhorgáiste ar a háitreabh i mBóthar Lansdún (tá 10 mbliain fágtha). Is é an ráta úis a ghearrtar ná Euribor + 0.5%. De réir mar a éilíonn FRS 102, aithnítear luach na hiasachta agus costas úis tríd an modh ráta úis éifeachtaigh a úsáid. Níl gá le coigeartú aistrithe mar níl aon difríocht idir an ráta úis conartha agus an ráta úis éifeachtach.

### (xii) Dliteanas Airgeadais eile

Meastar cuntais inioctha thrádála ag praghas an tsonrais ach amháin má tá an íocaíocht iarchurtha laistiar de ghnáth-thearmaí gnó nó má airgeadaítear ag ráta úis é nach ráta margaidh é. Sa chás seo is é idirbheart airgeadais atá sa socrú agus meastar an dliteanas airgeadais ag luach reatha na n-íocaíochtaí amach anseo arna lascaíniú ag ráta úis margaidh a ghearrtar ar ionstraim fiachais rialtais dá shórt.

### (xiii) Caipiteal agus Cúlchisti

Is é atá i gcúlchisti Clár Comhardaithe an Fhorais ná cúlchiste caipitil, cúlchiste ioncaim agus cúlchiste barrachais charnagh ar ioncam agus caiteachas. Coinnítear an cúlchiste caipitil chun forbairt bonneagar foirgnimh an Fhorais a mhaoiniú. Leis an gcúlchiste ioncaim freastalaítear ar phríomhaí ar an áis fiachas morgáiste fadtéarma, agus úsáidtear an cúlchiste barrachais charnagh chun gníomhaíochtaí oibriúcháin leanúnacha a mhaoiniú.

### (xiv) Breithiúnais agus Príomhfhoinsí Neamhchinnteacht Mheastacháin

Measann na stiúrthóirí gur meastacháin agus breithiúnais rí-thábhachtacha iad na meastacháin agus na toimhídí cuntasáiochta thíos:

#### Fabhrú Pá Saoire

De réir caighdeán cuntasáiochta FRS 102 tá de dhulgas ar an bhForas Riaracháin fabhrú pá saoire a dhéanamh. Oibríonn an Foras teidliochtaí saoire bliantúla na foirne de réir grád atá ar aon dul le gráid na státseirbhíse, níosann imeachta chun saoire bhliantúil a thabhairt anonn ag deireadh na bliana. Tá costas an fhabhú pá saoire bunaithe ar líon na laethanta saoire nár tógadh ag deireadh na bliana. Ní dhearna an Foras Riaracháin soláthar do phá saoire a tuilleadh ach nár idíodh roimh an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014. Éilíonn FRS 102 go ndéantar an soláthar seo agus dá bharr sin ba é €7,805 fabhraíodh i ndáil le 2014.

#### Gnóthas Leantach

Tá buiséid agus sreafaí airgid ullmhaithe ag na stiúrthóirí i gcomhair tréimhse dhá mhí dhéag ar a laghad ón dáta ar ar faomhadh na Ráitis Airgeadais a thaispeánann nach bhfuil aon neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le cumas na cuideachta freastal ar a cuid dliteanas ar fad de réir mar a bhíonn siad dlite agus leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Ar an mbonn seo measann na stiúrthóirí gur cuí na Ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthais leantaigh. Dá réir sin níl aon choigeartaithe sna Ráitis Airgeadais seo ar na suimeanna glanluacha agus ar rangú sócmhainní agus dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn dá mba rud é nach bhféadfadh an chuideachta leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach.

#### Bearnúchán Infháltas Trádála

Bíonn an chuideachta ag trádáil le líon mór custaiméirí éagsúla ar théarmaí creidmheasa. Tá fiachais áirithe nach n-íocfar mar thoradh ar mhaíneachtain líon beag custaiméirí. Úsáideann an chuideachta meastachán atá bunaithe ar thaithí stairiúil agus ar eolas reatha agus leibhéal na bhfiachas a dheimhniú a bhfuil muirear bearnúcháin ag teastáil ina leith. Déantar an leibhéal bearnúcháin a athbheithniú ar bhonn leanúnach.

#### Bearnúchán Fardail

Is í tuairim na stiúrthóirí gur rinneadh muirear cuí chun a léiriú go bhféadfaí fardal a dhíol ar phraghas níos lú ná an costas. Tá an meastachán faoi réir neamhchinnteacht bhunúsach.

**Saolré Úsáideach Réadmhaoine, Gléasra & Trealaimh**

Is cuid shuntasach d'iomlán na sócmhainní iad sócmhainní fadsaoil ina n-áirítear go príomha talamh agus foirgnimh, meaisíní oifige agus troscán. Braitheann an muirear dímheasa bliantúil go mór ar shaolréanna measta gach cinéal sócmhainne agus, i gcúinsí áirithe, ar mheastacháin luachanna iarmhartacha. Déanann na stiúrthóirí athbhreithniú rialta ar na saolréanna úsáideacha agus athraíonn siad iad más gá, chun na cúinsí reatha a léiriú. Agus na saolréanna úsáideacha á ndeimhniú acu breathnaíonn na bainisteoirí athrú teicneolaíochta, pátrúin chaithimh, riocht fisiciúil agus úsáid eacnamaíoch mheasta na sócmhainní. D'fhéadfadh athrú ar an saolré úsáideach tionchar nach beag a imirt ar an muirear dímheasa don bhliain airgeadais.

**Oibleagáidí Sochair Scoir**

Tá scéim phinsin shochair shoinithe na hearnála poiblí á hoibriú ag an bhForas Riaracháin dá fhoireann. Aistriodh ciste sochair scoir an Fhorais chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ar an 30 Meitheamh 2010. I gcomhréir le forálacha an Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Agus sócmhainní na scéime aistrithe níl an Foras freagrach a thuilleadh as aon dliteanas a d'fhéadfadh teacht chun cinn mar thoradh ar athbhreithnithe achtúireacha. Tá an fhreagracht seo ar an Státchiste anois.

**2. IONCAM Ó THÁILLÍ**

	2015 €	2014 €
Oiliúint	2,625,642	2,899,519
Oideachas	4,704,208	4,280,968
Taighde	310,970	289,250
	<b>7,640,820</b>	<b>7,469,737</b>

**3. DÍOL FOILSEACHÁN**

Ioncam as Foilseacháin an Fhorais	300,226	376,723
-----------------------------------	---------	---------

**4. DEONTAS ÓN OIREACHTAS**

Fuarthas €2,725,000 (2014: €2,750,000) ón Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Míníodh €96,000 den mhéid sin trí shuibscríbhinní agus is deontas é €2,629,000. Is é an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (Vóta Uimh. 11, Fotheid. B.3) a chuireann ar fáil é i leith dliteanas faoi chaiteachas neamhphá ginearálta agus tarraingíonn an Foras anuas é ar bhonn bliantúil.

**5. BARRACHAS OIBRÍOCHÚCHÁIN**

Luaitear an barrachas oibríocháin tar éis iad seo a leanas a chur chun dochair (nó chun sochair):

	2015 €	2014 €
(a) Luach Saothair na Stiúrthóirí:	-	-

Ní íoctar aon táillí le baill Bhoird an Fhorais Riaracháin. Cé nach dtaistealaíonn baill an Bhoird chun críocha gnó oifigiúil mar bhaill den Fhoras tá teideal acu chun costais taistil agus cothabháil a éileamh as freastal ar chruinnithe boird agus fochoiste. Maidir le 2015, níor éiligh aon bhall den Bhoird aon speansais.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### (b) Luach saothair an Ard-Stiúrthóra

Ceapadh Ard-Stiúrthóir nua ar an 1 Deireadh Fómhair 2015 tar éis don sealbhóir oifige roimhe dul ar scor. Léiríonn na tuarastail a thuairiscítear an t-athrú seo.

	Ard-Stiúrthóir (Chuaigh ar scor 30 Meán Fómhair 2015) (€)	Ard-Stiúrthóir (Ceaptha 1 Deireadh Fómhair 2015) (€)
2014		
Tuarastal	175,407	
ÁSPC an Fhostóra	17,110	
Ranníocaíocht Phinsin	63,848	
Taisteal & Cothabháil	4,144	
2015		
Tuarastal	131,555	31,440
ÁSPC an Fhostóra	12,891	3,077
Ranníocaíocht Phinsin	44,820	10,878
Taisteal & Cothabháil	3,096	552

Ba iad seo a leanas líonta ball foirne an Fhoras Riaracháin sna bandaí tuarastail amháil an 31 Nollaig 2015:

#### BANDA TUARASTAIL

#### LÍON FOIRNE

€60,000 - €70,000	-
€70,001 - €80,000	18
€80,001 - €90,000	9
€90,001 - €100,000	4
€100,001 - €110,000	-
€110,001 - €120,000	-
€120,001 - €130,000	1
€130,001 - €140,000	-
€140,001 - €150,000	1

(c) Luach Saothair an Iniúcháir	17,000	17,000
(d) Dímhéas (Glan de dhiúscairt)	622,080	579,027
(e) Ús iníochta ar Shuimeanna inaisíochta thar tréimhse níos faide ná Cúig Bliana	22,025	30,556
(f) Deontas Caipitil Amúchta	(149,823)	(149,823)

#### 6. ANAILÍS AR CHOSTAIS DHÍREACHA

	2015 €	2014 €
Oiliúint	729,705	764,984
Oideachas	1,287,582	1,406,394
Foilseacháin	139,595	185,195
Taighde	25,344	38,733
Ginearálta	38,752	45,642
	<b>2,220,978</b>	<b>2,440,948</b>

## 7. EOLAS FAOI FHOSTAITHE

(a) Tugtar anailís thíos ar mheánlíon fostaithe buana na cuideachta le linn na bliana, stiúrthóirí lánaimseartha san áireamh.

	2015 €	2014 €
Oiliúint	23	23
Oideachas	28	26
Foilseacháin	4	4
Taighde	3	4
Ginearálta	23	22
	<b>81</b>	<b>79</b>

(b) Cuimsíonn costais tuarastail na cuideachta do na fostaithe go léir:

	2015 €	2014 (athráite) €
Tuarastail agus pá	4,026,697	4,176,243
Foireann chomhlach	872,385	359,284
Costais Árachais Shóisialta	529,095	446,993
Plean Leanúnachas Ioncaim	58,737	65,450
Fabhrú Saoire FRS 102	19,121	7,805
	<b>5,506,035</b>	<b>5,055,775</b>

Caitheadh leis na méideanna uile a luaitear thuas mar chaiteachas na cuideachta sa bhliain airgeadais. Níor caipitlíodh aon mhéid chuig na sócmhainní.

Baineadh tobhach sochar scoir €287,679 (2014: €312,145) as agus íocadh leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe é.

Mar thoradh ar athlonnú baill foirne a rinne an Foras le linn 2012, tá roinnt baill foirne ar íasacht. Ós rud é go ndéantar méideanna tuarastail na mball foirne ar íasacht a aisghabháil ina n-iomláine níl na méideanna tuarastail €516,216 (2014: €720,959) a bhaineann le hiasacht, san áireamh.

D'fhoill an caighdeán cuntasaochta nua FRS 102 a chomhlíonadh déantar iomlán tuarastail 2014 a athrá chun fabhrú saoire na mball foirne a mhíniú. Tugtar tuilleadh mínithe ar an gcoigeartú seo i Nóta 15.

(c) I mí Mheán Fómhair 2014 d'athraigh an Foras Riaracháin a chuid socruithe iocáiochta d'fhoireann léachtóireachta chomhlach ó chuntais iníoctha chuig párolla. In 2014 léiríonn iocáiochtaí d'fhoireann chomhlach iocáiochtaí ceithre mhíosa ach léiríonn an méid coibhéiseach in 2015 bliain iomlán.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 8. ANAILÍS AR CHOSTAIS RIARACHÁIN

	2015 €	2014 €
Deisithe, glanadh, cothabháil	313,498	294,707
Dímheas	622,080	579,027
Stáiseanóireacht agus fótachóipeáil	149,882	107,951
Solas, teas, guthán	146,573	157,344
Postas	50,986	63,620
Árachas	26,169	21,030
Gnóthaí Corparáideacha agus Margáiocht	96,432	188,421
Forbairt Foirne	44,196	27,304
Ginearálta	148,390	90,619
	<b>1,598,206</b>	<b>1,530,023</b>

### 9. FARDAL

Stáiseanóireacht agus leabhair	127,400	111,772
--------------------------------	---------	---------

Níl aon fhardail curtha i ngeall mar urrús.



## 10. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

## Maidir leis an mbliain reatha

COSTAS	Talamh & Fairgnimh <sup>(b)</sup> €	Meaisíní Oifige €	Troscán, Feistis, Trealamh & Leabhair Leabharlainne €	Iomlán €
Amhail 1 Eanáir 2015	20,607,256	1,909,871	2,676,711	25,193,838
Breiseanna	-	-	267,811	267,811
Diúscairtí <sup>(a)</sup>	-	(241,529)	(1,187,496)	(1,429,025)
<b>Amhail 31 Nollaig 2015</b>	<b>20,607,256</b>	<b>1,668,342</b>	<b>1,757,026</b>	<b>24,032,624</b>
<b>DÍMHEAS</b>				
Amhail 1 Eanáir 2015	5,347,843	1,765,495	2,230,247	9,343,585
Muirear don bhliain	412,145	83,974	125,961	622,080
Diúscairtí	-	(242,524)	(1,187,489)	(1,430,013)
<b>Amhail 31 Nollaig 2015</b>	<b>5,759,988</b>	<b>1,606,945</b>	<b>1,168,719</b>	<b>8,535,652</b>
<b>GLANLUACH NA LEABHAR</b>				
Amhail 31 Nollaig 2015	14,847,268	61,397	588,307	15,496,972
<b>Amhail 1 Eanáir 2015</b>	<b>15,259,403</b>	<b>144,386</b>	<b>446,464</b>	<b>15,850,253</b>

## Maidir leis an mbliain roimhe

COSTAS	Talamh & Fairgnimh <sup>(b)</sup> €	Meaisíní Oifige €	Troscán, Feistis, Trealamh & Leabhair Leabharlainne €	Iomlán €
Amhail 1 Eanáir 2014	20,607,246	1,750,982	2,641,666	24,999,894
Breiseanna	-	158,899	35,045	193,944
<b>Amhail 31 Nollaig 2014</b>	<b>20,607,246</b>	<b>1,909,881</b>	<b>2,676,711</b>	<b>25,193,838</b>
<b>DÍMHEAS</b>				
Amhail 1 Eanáir 2014	4,937,478	1,670,553	2,156,527	8,764,558
Muirear don bhliain	410,365	94,942	73,720	579,027
<b>Amhail 31 Nollaig 2014</b>	<b>5,347,843</b>	<b>1,765,495</b>	<b>2,230,247</b>	<b>9,343,585</b>
<b>GLANLUACH NA LEABHAR</b>				
Amhail 31 Nollaig 2014	15,259,403	144,386	446,464	15,850,253
<b>Amhail 1 Eanáir 2014</b>	<b>15,669,768</b>	<b>80,429</b>	<b>485,139</b>	<b>16,235,336</b>

Nóta (a): Rinne an Foras Riaracháin athbhreithniú cuimsitheach ar chlár na sócmhainní seasta in 2015. Aithníodh roinnt sócmhainní nach raibh in úsáid a thuilleadh agus nach raibh aon glanluach leabhair orthu. Cinneadh iad seo a bhaint den gclár.

Nóta (b): Sceideal Réadmhaoine agus an Cineál Sealúcháis

57-61 Bóthar Lansdún  
49-51 Bóthar Lansdún  
55 Bóthar Lansdún  
Halla Vergemount,  
Cluain Seach

Ruilse  
Ruilse  
Ruilse  
Ionann le Ruilse ach  
íoctar cíos ainmniúil

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 11. INFHÁLTAIS

	2015 €	2014 €
Infháltais trádála	1,107,269	1,373,660
Pinsin Státhiste <sup>(Nóta 20c)</sup>	126,064	-
Réamhiocaíochtaí	15,000	15,022
	<b>1,248,333</b>	<b>1,388,682</b>

Luaitear Infháltais Trádála glan de sholáthar d'fhiacha amhrasacha €24,400 (2014: €40,000).

### 12. AIRGEAD INÍOCHTA: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN

Iasachtaí bainc	262,880	262,880
Infháltais trádála	234,385	323,338
Ioncam táille iarchurtha	1,920,384	1,746,860
Pinsin Státhiste <sup>(Nóta 20c)</sup>	-	188,121
Méideanna iníochta agus fabhruithe Ilghnéitheacha	137,268	264,292
ÍMAT/ÁSPC	242,279	222,760
	<b>2,797,196</b>	<b>3,008,251</b>

### 13. AIRGEAD INÍOCHTA: MÉIDEANNA A BHEIDH DLITE TAR ÉIS BLIANA AMHÁIN

Áis €5m ag 20-Bliain ag Ráta athraitheach	2,677,163	2,874,237
---	-----------	-----------

Tá an iasacht inaisíochta i ranníocaíochtaí thar tréimhse 20 bliain. Tá 10 mbliain fágtha den tréimhse aisíochta. Tá sé faoi réir ráta úis athraitheach atá bunaithe ar Euribor + 0.5%. Ba é 1.2% (2014: 1.3%) an ráta úis ualaithe le linn na bliana airgeadais. Tá gníomhais Uimh. 55 Bóthar Lansdún á gcoinneáil ag an mbanc mar urrús ar an áis seo.

#### 13.1. IASACHTAÍ BAINC

Tugtar anailís ar aibíocht na n-iasachtaí anseo thíos

	2015 €	2014 €
Laistigh de bhliain amháin	262,880	262,880
Laistigh de 2-5 bliana	788,640	788,640
Tar éis níos mó ná 5 bliana	1,888,523	2,085,597

## 14. DEONTAIS CHAIPITIL

	2015 €	2014 €
Amhail 1 Eanáir	813,137	962,960
Méid arna amúchadh sa bhliain	(149,823)	(149,823)
<b>Amhail 31 Nollaig</b>	<b>663,314</b>	<b>813,137</b>

De réir an bheartas cuntasaióchta aithnítear deontais chaipitil tríd an tsamhail fhabhraíthe a úsáid. Aithnítear na deontais seo a úsáidfead chun ionad oiliúna an Fhoras Riaracháin a cheannach thar saolré úsáideach na sócmhainní, is é sin, 20 bliain. Níl aon choinníollacha ná aon teagmhais neamhchomhlionta ag gabháil leis na deontais seo.

## 15. AG AISTRIÚ CHUIG FRS 102

Réiteach Caipitil agus Cúlchistí	1 Jan 2014 €	31 Dec 2014 €
Caipiteal agus Cúlchistí (mar a luadh roimhe)	12,282,103	12,701,779
Fabhrú Pá Saoire	(45,785)	(53,590)
<b>Caipiteal agus Cúlchistí (athráite)</b>	<b>12,236,318</b>	<b>12,648,189</b>

## Réiteach Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

	€
Barrachas tar éis Ranniocaióchta ón Státchiste don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014 (mar a luadh roimhe)	419,676
Éifeacht an Aistrithe: Fabhrú Pá Saoire i gCostais Tuarastail	(7,805)
<b>Barrachas tar éis Ranniocaiócht leis an Státchiste a críochnaíodh 31 Nollaig 2014 (mar a athluadh faoi FRS 102)</b>	<b>411,871</b>

Sular tháinig FRS 102 isteach ní dhearna an chuideachta aon soláthar i gcomhair pá saoire a tuilleadh ach nár úsáideadh roimh an bhliain dar críoch 31 Nollaig 2014. Éillíonn FRS 102 go gcuirfí seo ar fáil agus dá thoradh sin ba é €7,805 an pá saoire breise a fabhraíodh in 2014.

Faoi chleachtas cuntasaióchta a raibh glacadh leis roimhe seo in Éirinn ní raibh beartas athluachála an an gcuideachta; mar sin féin rinneadh sócmhainní áirithe a athluacháil sular glacadh le FRS 15, 'Sócmhainní Inláimhsithe Seasta' a nglaoitear 'Maoin, Gléasra & Trealamh' orthu sa chóras nua. Faoi chleachtas cuntasaióchta a bhfuil glacadh leis roimhe seo choinnigh an chuideachta luacháil. Nuair a aistríodh chuig FRS 102 roghnaigh an chuideachta athluacháil talún áirithe amhail an 31 Nollaig 2013 a úsáid mar chostas measta na sócmhainne de réir mar atá ceadaithe ag FRS 102: alt 35.10 (d). Ní imríonn sin aon tionchar ar an gClár Comhardaithe ar dháta an aistrithe.

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### 16. RÉITEACH GLANSREABHADH AIRGID LE GLUAISEACHT I NGLANFHIACHA

	2015 €	2014 €
Méadú ar Airgead Tirim	106,470	525,393
Laghdú ar Áis Mhorgáiste 20-Bliain	197,074	257,857
<b>Gluaiseacht i nGlanfhiacha le linn na Bliana</b>	<b>303,544</b>	<b>783,250</b>
<b>Glanfhiacha ar an 1 Eanáir</b>	<b>(1,144,010)</b>	<b>(1,927,260)</b>
<b>Glanfhiach amhail 31 Nollaig</b>	<b>(840,466)</b>	<b>(1,144,010)</b>

Anailís ar Athruithe Glanfhiacha	Amhail 31 Noll. 2014 €	Sreafaí Airgid €	Amhail 31 Noll. 2015 €
Airgead tirim agus a choibhéis	1,993,107	106,470	2,099,577
Áis Mhorgáiste 20-Bliain	(3,137,117)	197,074	(2,940,043)
<b>Iomlán</b>	<b>(1,144,010)</b>	<b>303,544</b>	<b>(840,466)</b>

### 17. TEAGMHAIS DÁ ÉIS

Níor imir aon teagmhais suntasacha tionchar ar an gcuideachta tar éis dáta an Chlár Comhardaithe.

### 18. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ní raibh aon cheangaltais chaipitil ann ag deireadh na bliana.

### 19. DLITEANAS TEAGMHASACH

Ní raibh aon dliteanas teagmhasacha ann ag deireadh na bliana ag a mbeadh drochthionchar ar staid airgeadais na cuideachta.

### 20. SOCHAIR SCOIR

#### (a) Oibleagáid agus Sócmhainn Sochair Scoir

Mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta (féach Nóta 1) aistríodh ciste sochair scoir an Fhorais chuig an gCúlchiste Pinsean Náisiúnta ar an 30 Meitheamh 2010 de réir An Achta um Bearta Airgeadais (Forálacha Ilghnéitheacha), 2009. Agus sócmhainní na scéime aistrithe tá ar an bhForas ranniocaíocht bhliantúil a íoc leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe tar éis sochair scoir atá dlite a thabhairt san áireamh. Cuirfidh an roinn maoiniú ar fáil má tá na sochair scoir a íoctar níos mó ná an ranniocaíocht. Tá glactha ag an mBord le caitheamh agus nochtaithe a éilíonn Cuid 28 den gcaighdeán cuntasaíochta FRS 102 chun na socrúithe atá i bhfeidhm a léiriú. Oibríonn an socrú maoinithe leis an roinn ar bhonn glaniocaíochta leis an roinn is í tuairim an Fhorais gur comhaicmheach le haisiocaíocht iomlán na hoibleagáide sochair scoir é an cineál socráithe atá ann nuair a bhíonn na dliteanas sin dlite. Dá bhri sin aithníonn sé a cheart chuig aisiocaíocht mar shócmhainn ar leith sa mhéid arb ionann é agus an oibleagáid, ag deireadh na bliana.

Ba é an oibleagáid sochair scoir ar an 31 Nollaig 2015 ná €55,355,000 (2014: €58,152,000) agus é bunaithe ar luacháil achtúireach na n-oibleagáidí sochair scoir i ndáil le foireann an Fhorais amhail 31 Nollaig 2015, a rinne achtúire cáilithe neamhspleách chun críocha FRS 102. Aithnítear sócmhainn maoinithe iarchurtha dar luach €55,355,000 arb ionann é agus an dliteanas amhail an 31 Nollaig 2015 mar shócmhainn ar leith ar an gClár Comhardaithe. Críochnaíodh an t-athbhreithniú achtúireach deireanach chun críocha Ráiteas Airgeadais na bliana 2014.

## Gluaiseacht in Oibleagáid Sochair Scoir

	2015 €'000	2014 €'000
Luach reatha na nOibleagáidí Scéime amhail an 1 Eanáir	58,152	52,883
Costas Seirbhíse Reatha	1,305	780
Ranniocáíochtaí ó Chomhpháirtithe an Phlean	63	63
Costas Úis	1,205	2,014
Caillteanas/(Gnóthachan) Achtúireach	(3,250)	3,874
Sochair arna nÍoc	(2,030)	(1,462)
Speansais arna nÍoc	(90)	-
<b>Luach na nOibleagáidí Scéime faoi láthair amhail 31 Nollaig</b>	<b>55,355</b>	<b>58,152</b>
<b>Sócmhainn Sochair Scoir amhail 31 Nollaig</b>	<b>55,355</b>	<b>58,152</b>

## (b) Costas Sochair Scoir arna Aithint sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Ós rud é gur aistriodh sócmhainní an chiste chuig an gCúlchiste Pinsean Náisiúnta in 2010, níl aon chostas pinsin aitheanta sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais do 2015. Bhí an scéal mar an gcéanna maidir le 2014.

## (c) Ranniocáíocht leis an Státchiste maidir le Sochair Scoir

De réir na socrúithe atá leagtha amach i Nóta 20a tá ar an bhForas ranniocáíocht bhliantúil a dhéanamh leis an Státchiste i ndáil le sochair scoir. Tá ráta na ranniocáíochta socraithe ag 34.6% de mhuirear párolla an Fhorais agus cuimsíonn sé ranniocáíocht €1.6m (2014: €1.6m) an Fhorais chomh maith le ranniocáíochtaí ó fhostaithe dar luach €121,125 (2014: €99,600). Déanann an Foras íocaíochtaí sochair scoir agus íocaíochtaí gaolmhara thar ceann an Státchiste agus ríomhtar an méid atá dlite don Státchiste tar éis na híocaíochtaí seo a ghlacadh san áireamh.

## Tá méideanna atá inioctha leis an Státchiste sonrúithe thíos:

	2015 €	2014 €
Iarmhéid 1 Eanáir	188,121	147,027
Ranniocáíochtaí ón Fhoras (ach amháin maidir le foireann ar íasacht)	1,452,239	1,441,175
Foireann ón bhForas ar íasacht	97,951	176,515
<b>Iomlán na Ranniocáíochtaí on bhForas <sup>(i)</sup></b>	<b>1,550,190</b>	<b>1,617,690</b>
Ranniocáíochtaí ó Fhostaithe	97,244	99,650
Sochair Scoir agus Íocaíochtaí a bhaineann leo	(2,117,498)	(1,576,246)
Aisiocáíocht ó/(íocaíochtaí chuig) an Státchiste	155,879	(100,000)
<b>Iarmhéid amhail 31 Nollaig</b>	<b>(126,064)</b>	<b>188,121</b>

Nóta (i): Mar thoradh ar athlonnú foirne a rinne an Foras sa bhliain 2012 tá roinnt ball foirne ar íasacht. Íocann an Foras an ranniocáíocht phinsin riachtanach leis an Státchiste thar a gceann, is é sin €97,951 (2014: €176,515).

## NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS

### (d) Cur-síos ar an scéim agus boinn tuisceana achtúireachta

Is é atá sa scéim pinsean ná socrú pinsin sochair sainithe a bhaineann leis an tuarastal deiridh agus ina sainítear na sochair trí thagairt do rialacháin reatha a ghabhann le scéim na hearnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (in ochtóduithe in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (i dtrí ochtóid in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsean do chéili agus do leanaí. Is é an ghnáthaois scoir ná 65ú breithlá an bhaill. Téann pinsin atá á n-íoc (agus á n-iarchur) i méid de ghnáth i gcomhréir le boilsciú ginearálta tuarastail san earnáil poiblí. Cuirtear an cleachtas reatha maidir le pinsin a mhéadú i gcomhréir le boilsciú tuarastail san earnáil poiblí san áireamh agus an oibleagáid maidir le sochar sainithe á meas.

#### Ba iad seo a leanas na toimhdí airgeadais a úsáideadh chun críche FRS 102:

	2015	2014
Ráta méadaithe i dtuarastail	2.60%	2.50%
Ráta méadaithe sochair scoir atá á n-íoc	2.60%	3.00%
Ráta méadaithe sochair scoir atá á n-iarchur	2.60%	2.50%
Ráta lascaine	2.35%	2.10%
Boilsciú	1.60%	1.50%

Is iad na príomhthoimhdí básmhaireachta a úsáideadh agus meastachán á dhéanamh ar luach achtúireach na ndlíteanas scéime ná:

Meánionchas saoil ualaithe do tháblaí básmhaireachta a úsáideadh chun oibleagáidí sochair a chinneadh amháil an 31 Nollaig 2015:

	2015	2014
Ball fireann in aois 65 (lonchas saoil reatha)	20.9	22.7
Ball baineann in aois 65 (lonchas saoil reatha)	23.5	24.7
Ball fireann in aois 45 (lonchas saoil in aois 65)	23.5	24.9
Ball baineann in aois 45 (lonchas saoil in aois 65)	25.6	27.0
Ball fireann in aois 40 (lonchas saoil in aois 65)	24.0	25.5
Ball baineann in aois 40 (lonchas saoil in aois 65)	26.1	27.6

Tá an toimhde básmhaireachta thuas i gcomhréir leis an tábla caighdeánach, rud a cheadaíonn feabhsuithe réamh-mheasta. Is ionann na toimhdí thuas agus na cinn a úsáideadh i nochtadh na bliana seo caite.

### (e) Maoiniú Sochair Scoir

Measann an Foras Riaracháin go n-íocfaidh sé €1.5m leis an Státchiste in 2016.

## 21. LEASANNA BAILL AN BHOIRD

Ghlac an Bord le nósanna imeachta de réir an Chóid Chleachtais athbhreithnithe (2015) um Rialachas Comhlachtaí Stáit maidir le nochtadh leasanna baill Bhoird agus cloidh leis na nósanna imeachta le linn na bliana. Ní dearnadh aon idirbhearta le linn na bliana maidir le gníomhaíochtaí an Bhoird ina raibh aon leas tairbhíúil ag na baill.

## 22. FIGIÚIRÍ COMPARÁIDEACHA

Rinneadh figiúirí comparáideacha a athrangú de réir mar ba ghá ar bhonn atá comhsheasmhach leis an mbliain reatha.

## 23. FAOMHADH NA RÁITEAS AIRGEADAIS

D'fhaomh Bord Stiúrthóirí an Fhorais na Ráitis Airgeadais agus d'údarairigh le haghaidh a n-eisithe iad ar an 26 Bealtaine 2016.

# BAINISTÍOCHT SHINSEARACH AN FHORAIS



**AN DR MARIAN O'SULLIVAN**  
*Ard-Stiúrthóir*  
mosullivan@ipa.ie



**AIDAN HORAN**  
*Stiúrthóir, Acmhainní Daonna,  
Teicneolaíocht Faisnéise  
agus Seirbhísí Airgeadais,  
agus Seirbhísí Forbartha Gnó*  
ahoran@ipa.ie



**AN DR MICHAEL MULREANY**  
*Ard-Stiúrthóir Cúnta,  
Oideachas agus Taighde*  
mmulreany@ipa.ie



**DR RICHARD BOYLE**  
*Ceann Taighde, Foilsitheoireachta  
agus Caidreamh Corparáide*  
rboyle@ipa.ie



**AN DR CYRIL SULLIVAN**  
*Stiúrthóir, Airgeadas  
agus Seirbhísí Tacaíochta,  
agus Rúnaí Cuideachta*  
csullivan@ipa.ie



**CHRISTINE MCNALLY**  
*Ceann Acmhainní Daonna*  
cmcnelly@ipa.ie



**TERESA CASSERLY**  
*Stiúrthóir, Ceannaireacht  
agus Bainistíocht,  
agus Seirbhísí Idirnáisiúnta*  
tcasserly@ipa.ie